Children's Rights Education Programme

Delivered to groups of children and young people visiting the Office, the rights education programme is a vital part of the Office's participation and education work, providing as it does a valuable opportunity to engage directly, and on an ongoing basis, with children and young people of different ages, living in different parts of the country and in diverse circumstances. During 2011, 750 children and young people from schools, youth projects and other children's services in Dublin, Kildare, Mayo, Donegal, Waterford, Meath, Westmeath and Monaghan, visited the Office to take part in activity-based workshops. In addition to developing children's and young people's understanding of children's rights, these workshops enable the Office to hear and learn directly from children and young people about issues that affect and concern them.

In 2011, many children and young people also took part in one of the following consultations conducted by the Office through this Programme:

Child-friendly Health Care

Between May and June 2011, the OCO facilitated five groups of children to contribute their views to the Council of Europe's consultation with children on child-friendly healthcare. This consultation enabled children to contribute to a European-wide consultation initiated by the Council of Europe in the context of developing new Guidelines on Child-friendly Health Care.

OCO staff designed the consultations around broad themes included in the Council of Europe's questionnaire. The 125 children who took part in this consultation shared views on the physical environment of healthcare settings used by children; the roles of parents and other family members in child healthcare; information for, and communications with, children in relation to treatments they are receiving; having opportunities to express their views and concerns to healthcare professionals; and health professionals' attitudes and behaviours towards children.

Some of the issues that arose included:

- The waiting times and areas – most of the children felt that the time they spent in waiting areas in advance of being seen by a healthcare professional was too long.
- The physical environment – participants felt that healthcare settings used by children should be bright and colourful and include places to relax and have comfortable and clean beds, as well as enabling family members to stay with children.
- The role of parents and family – The children felt that it is important to have family members with them as this helps them to feel safe and secure in healthcare settings. One child recalled her experience of feeling scared and lonely on an occasion when she had to wait by herself for treatment as the waiting area was in a part of a hospital that her parents were not allowed into.
- Information and communications – the majority of participating children expressed the view that healthcare professionals often speak too quickly and use words children do not understand. Children described experiences of not being sure what was happening after seeing a health professional. They also felt that healthcare professionals needed to communicate directly with children in child-friendly language and in a child-friendly way (words like "gentle", "warm" and "patient" were used in this regard). The vast majority of the children felt that parents should be present and part of any discussions relating to their child's medical treatment.
- Listening to children – most participating children felt that, in general, children are not listened to by health professionals and are not given adequate opportunities by them to ask questions.

Their perspectives were well represented in a report on the European-wide consultation, which informed the Council of Europe's adoption of the new Guidelines in September 2011.

Bullying

As part of this Programme, between September and November 2011, the OCO met with groups of children from 10 schools (approximately 200 children) and carried out a consultation regarding their views and opinions in relation to what schools can do to prevent and combat incidents of bullying. The 10 groups who participated were a mix of primary and secondary school students from a number of counties and a mix of urban and rural settings. The youngest group was from 5th class while the oldest were third year students. In addition one group of young people from a mental health support group participated in the consultation.

Among the main messages communicated by children and young people in this regard were:

- Schools should take a proactive approach to talking about and raising awareness of bullying;
- Children and young people should be given guidance on what to do if they experience or witness bullying and should have a clear and shared understanding of how their school deals with incidents of bullying;
- Schools' policies for handling bullying should be readily available in child-friendly language and formats so that they are easy to understand;

As it affects them directly, children and young people should be afforded opportunities to input their views and suggestions into the development, monitoring, and updating of their school's bullying policy;

There should be one 'go-to' person in the school for children and young people to report incidents of bullying. This person needs to be someone who is trusted by children and young people, listens respectfully, takes them seriously, and who can be relied upon to take appropriate follow-up action; and

Children and young people need to feel confident that bullying incidents are handled by school authorities in a manner that is fair to all concerned.

The information collected from this consultation will be factored into future work we do on the issue of bullying.

Children and Media

The Office also consulted with visiting children and young people about their use of media so that their views might inform its ongoing work to develop and diversify its approach to communicating with children.

The main objective of this was to facilitate a discussion around children and young people's use of and interaction with media and social media including finding out more information on what types of media they are using, what pros and cons they felt existed when using these various media, how they would like to see media become more accessible to young people and finally how they felt the Office could use media to communicate its message.

With regards to media usage, as expected all groups had regular contact with radio, television, newspapers and the internet. Internet was unanimously the most used media by the groups and was the preferred choice. In general all the groups stated that they would not or rarely read newspapers.

The groups did all state that they were interested in learning about current affairs but did not feel that news was communicated in a child friendly way and as such they did not pay attention.

When discussing the internet and social media in particular, young people felt that it was a great way to keep in touch with friends and family. All of the young people taking part that had regular access to the internet stated that they would use it to find out about things, research projects and check news. However, whereas the children all identified facebook, YouTube and twitter as the main social media sites they were less definitive about where they would go for information or news.

They also spoke about access; the internet allowed access to what the young people wanted at their own leisure and when they wanted it without ads or programs that aren't focused at them.

Finally they discussed safety; two of the groups spoke openly about safety concerns in relation to being online and most of these children were aware of someone who had a bad experience online or mentioned that they had one themselves. The main negative experiences were: online bullying, inappropriate material online, and the dangers of inappropriate people/adults approaching them online.

This subsequently informed how OCO engages with the media across a variety of issues.

Educational Materials on Children's Rights

During 2010, the Office developed educational resource materials on children's rights and lives in Ireland titled *What do you Say?* for teachers to use in primary schools, post-primary schools and Youthreach centres. Due to the positive response to the materials from teachers working at primary and post-primary level, in early 2011, the Office issued a copy of these materials to every primary school, postprimary school and Youthreach centre in the country.

These materials are available in English and Irish and comprise teacher manuals, posters and a DVD that can be used for work with children from the age of 4 upwards. The issues presented for activity-based learning are: having a voice and being heard; family and care; health and wealth; education; play, leisure and recreation; inclusion; and children and the law. The Office has also made the materials available for downloading from its website.

Highlighting the Concerns of Young People in St. Patrick's Institution

In February 2011, the Office published a report documenting the findings of its consultation with 16 and 17 year olds detained in St. Patrick's Institution, a closed, medium-security prison run by the Irish Prison Service (IPS).

The overall purpose of this consultation was to hear directly from young people about their experiences of detention with a view to highlighting their perspectives on the regime and conditions in the prison. The goal was to have due consideration given to their views by the management of St. Patrick's Institution, the IPS and policy-makers at national level and, more broadly, to progress respect for young people's rights and welfare in and through the policies, procedures and practices operated for under 18s in the prison.

The Office's report and an accompanying DVD (Views from the Inside) present participating young people's experiences of, and perspectives on, different aspects of the regime operated in St. Patrick's Institution. From the viewpoints they shared, it was clear that, while they have good relationships with many categories of staff, they are fearful of others and apprehensive about several aspects of the prison's regime. In addition, it was evident that the young people themselves do not consider time detained in St. Patrick's as an effective route to rehabilitation or future reintegration into their communities and society.

Building on the Office's work in St. Patrick's, the Ombudsman for Children continued to emphasise publicly and at Ministerial level the need to identify and progress, without delay, appropriate alternative arrangements to radically curtail, and begin to cease, the use of St. Patrick's Institution as a place of detention for children under 18.

The Ombudsman for Children also underscored the importance of continuing to implement measures to improve provision in St. Patrick's for as long as young people under 18 continue to be detained there. Furthermore, she highlighted that the situation whereby the Ombudsman for Children's Office is precluded by the 2002 Act from investigating complaints made by or on behalf of young people under 18 detained in St. Patrick's must be addressed.

Outcomes

The Office recognises that some changes in keeping with several recommendations made in its report were initiated during 2011.

- Reflecting a recommendation made by young people who participated in its consultation, the Office assisted the development of new youth-friendly information materials that aim to improve young people's awareness and understanding of the prison's rules, procedures and services.
- The Office also contributed to a training programme on young people in society for prison officers working with young people under 18 in St. Patrick's. In November 2011, the Office's staff delivered a training workshop on children's rights to prison officers in St. Patrick's. However, responsibility for improving provision across a wide range of services, and for such interventions, properly rests with the Departments of Children and Justice and services under their aegis, including the Irish Youth Justice Service and the Irish Prison Service. It is essential that they collaborate effectively in the design and delivery of training and other interventions that safeguard the rights and welfare needs of young people under 18 detained in St. Patrick's.

In June 2011 the Ombudsman for Children outlined to the Thornton Hall Prison Review Group her concerns about the continued detention of children in St. Patrick's Institution, proposing interim arrangements to facilitate the transfer of children out of St. Patrick's Institution and expressed her concern that ongoing industrial relations issues should not be allowed to be a barrier to children's rights.

In October 2011 the Ombudsman for Children wrote to the Minister for Children and Youth Affairs, expressing her serious concern about the continued detention of children in St. Patrick's and formally calling on the Minister to ensure that urgent action was taken to end this practice.

The Ombudsman for Children expressed her concern not only for the physical environment but for the culture that existed within St. Patrick's Institution and the treatment of children in their care.

The letter highlighted the Ombudsman for Children's main concerns, inter alia, a lack of adherence to child protection guidelines, the use of punitive practices, practices that generate fear for these children, complaints by children about their treatment in St. Patrick's without any redress to this Office and some children who had reported that they do not feel safe in St. Patrick's Institution.

Hearing from young people with experience of homelessness

In September 2011, the Office initiated a consultation with young people with experience of homelessness and of accessing out-of-hours, crisis intervention and emergency accommodation services.

This consultation is part of a wider piece of work involving engagement by the Office with the HSE on the issue. The Office's consultation sought to gain an insight into young people's first-hand experiences of accessing and using homelessness services and, based on these experiences, what they think should be done to improve existing provision for children who need to avail of these services.

Between September and December 2011, the Office conducted face-to-face interviews with young people currently using, or with recent past experience of using such services in Dublin and Cork – the two places in Ireland where hostel-style accommodation is currently being used for young people.

A report documenting the young people's experiences and perspectives to be finalised in early 2012, will inform the Office's ongoing engagement with the HSE on improving this crucial element of services to very vulnerable children and young people.

Research for and with Children

Education for Children in Care

During 2011, the Economic and Social Research Institute and the Children's Research Centre, Trinity College Dublin, progressed research for the Office on education for children in care. The research was commissioned in 2010 in light of concerns and complaints received by the Office in relation to challenges that children in foster care and residential care face as regards accessing and/or participating in education. This exploratory research project aims to identify concrete, practicable measures for implementation by relevant services within the education and health/social care systems that can support attendance and participation in education by children living in the care of the State. The research includes interviews with children and young people currently in care, as well as care leavers. A report documenting the findings of this research and making recommendations will be published by the Office in 2012.

Children and the Health Services

Recognising that the issue of healthcare provision for children is one that affects every child and family in Ireland, the Office embarked on an initiative in this area consonant with the earlier-mentioned steps being taken at the wider European level. The particular initiative reflected the fact that each year, health services for children, and administrative actions and decision-making on matters relating to child health, make up a significant number of the complaints received by the Office. Accordingly, it commissioned research to identify measures to promote and progress child-friendly healthcare and a culture of respect for children's rights in healthcare settings. Undertaken by University College Cork, this research has looked at guidelines, policies, standards and good practices that can promote child-friendly healthcare. The findings of the research will be published in due course and will inform subsequent phases in the Office's child health initiative.

Ombudsman do Leanáí

Tuarascáil Bhliantúil 2011



CLÁR NA nÁBHAR

1 Teachtaireacht ón Ombudsman do Leanaí	7
2 Oifig an Ombudsman do Leanaí: Straitéis 2011 – 2016	13
3 Forbairt Eagraíochtúil	15
- Rialú Airgeadais Seirbhísí Corparáideacha	13
- Acmhainní Daonna	13
- Nuashonrú an Chórais Sonraí	13
- Úsáid Áitreabh	14
- Oilúint agus Forbairt Ghairmiúil	14
- Seirbhísí Dlí	14
- Na Meáin	14
- Gnóthaí Poiblí	15
- Láithreán Gréasáin	15
- Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh in 2011	15
- Bearta a rinneadh in 2011	15
4 Gearáin & Imscrúduithe	19
- Forálacha ar leith	17
- Gearáin ar déileáladh leo in 2011	19
- Ceartas	22
- Anailís Bhreise ar Chatagóirí	23
- Gearánaigh	24
- Na 5 bharrchatagóir gairmithe a rinne teagmháil leis an Oifig thar ceann leanaí	25
- Saincheisteanna ag Teach Chun Cinn	26
- Anailís um Chearta Leanaí ar Ráitis Imscrúduithe	28
- Cás-Staidéir	30
- Cás-Staidéir Sláinte	34
- Cás-Staidéar Thíthíocht an Údaráis Áitiúil	37
- Cás-Staidéar an Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige	38
- Athrú Córasach a Chur Chun Cinn	39

5 Beartas agus Reachtaíocht.....49

- An Bille um Cheartas Coiriúil (Ciontuithé Caite) 2011	47
- An Bille um Cheartas Coiriúil (Faisnéis faoi Chionta in aghaidh Leanaí agus Aosaigh Shoghonta a Choimeád Siar), 2011	48
- An Bille um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin, 2011	48
- An Fóram faoi Phátrúnacht agus Iolrachas san Earnáil Bhunoideachais – Lúnasa 2011	49
- Rochtain ar nótaí teiripeacha	50
- Coiste na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Chéasta (UNCAT)	50
- Athbhreithniú Tréimhsiúil Uilechoiteann Chomhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine (UPR)	50
- Athbhreithniú ar an Acht um Ombudsman do Leanaí, 2002	51
- Rannpháirteachas le líonra agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta	51

6 Rannpháirteachas agus Oideachas57

- Clár Oideachais um Chearta na Leanaí	55
- Ábhair Oideachais faoi Chearta na Leanaí	58
- Béim a chur ar Bhuarthaí Daoine Óga i bhForas Naomh Pádraig	59
- Ag éisteacht le daoine óga a bhfuil taithí ar easpa dídine acu	60
- Taighde le haghaidh Leanaí agus le Leanaí	61

1

TEACHTAIREACHT ÓN OMBUDSMAN DO LEANAÍ



Táim sásta mo thuarascáil bhliantúil le haghaidh na tréimhse dar críoch 1 Eanáir go dtí 31 Nollaig 2011 a chur faoi bhráid an Oireachtais, de bhun Alt 13 (7) den Acht um Ombudsman do Leanaí, 2002.

Is éard atá i gceist le cearta leanaí a chur chun cinn na dálaí riachtanacha faoina mbeidh leanaí ábalta maireachtáil le dinít agus meas a chur i bhfeidhm. Cé go bhfuil roinnt dul chun cinn déanta ó bunaíodh Oifig an Ombudsman do Leanaí in 2004, tá a lán leanaí agus daoine óga in Éirinn a bhfuil bacainní agus ilbhacainní fós os a gcomhair maidir lena gcearta a réadú agus maidir le rochtain a fháil ar raon seirbhísí bunúsacha. Feicimid na baic atá le sárú ag leanaí agus teaghlaigh chun é sin a bhaint amach agus imscrúdú á

dhéanamh againn ar na gearáin a dhéantar lenár nOifig agus san obair dhíreach le leanaí agus daoine óga. Trí na deacrachtaí praiticiúla sin a thabhairt chun suntais, tá sé d'aidhm agam na buarthaí faoi leanaí nach dtabharfaí aird orthu nó nach dtabharfaí aghaidh orthu ar chuma eile a chur in iúl do lucht déanta cinntí agus don tsochaí go ginearálta.

I mí Aibreáin 2011, d'fhoilsigh mé anailís ar ár gcásobair, agus creidim go gcuirtear fianaise ar fáil inti maidir leis an ngá atá leis an earnáil phoiblí a leasú. Tá roinnt prionsabal bunúsach um dhea-riarachán poiblí ann a bhfuil gá aird a thabhairt orthu agus beartais a théann i gcion ar leanaí agus ar theaghlaigh á bplé. Is príomhghné é dár n-imscrúduithe, le beagán eisceachtaí, go dtugtar easpa feasachta chun suntais iontu maidir leis an iarmhairt a bhíonn ag cinnteoireacht riaracháin shibhialta agus phoiblí ar shaolta leanaí agus a dteaghlach. Maidir leis sin, leanaimid ag feiceáil go bhfuil níos mó buartha ann faoin gcóras ná atá ar mhaithe leis an leanbh nó an teaghlach. Leanaimid de dhroghall a fheiceáil teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí faoi chinntí beartais úra agus dá bharr sin bíonn easpa cumarsáide le tuismitheoirí ann. Maidir le tuismitheoirí is de bharr easpa cumarsáide a mbíonn buairt agus suaiteadh neamhriachtanach orthu faoina leanaí. Go minic is é a bhíonn i gcoirílár an cháis sin go mbíonn eagla ar an gcomhlacht poiblí roimh ionchais tuismitheoirí agus is é an easpa cumarsáide sin an fhíorbhuairt atá curtha in iúl ag tuismitheoirí don Oifig seo.

Spreagfainn an Rialtas breathnú go cúramach ar an dóigh a gcinneann sé beartas san am neamhghnáth agus deacair seo. I dtaca le leanaí bhí easnamh anailís tionchair leanaí follasach i gcuid mhaith den chinnteoireacht maidir le leanaí; is é ceann de na hiarmhairtí mar thoradh air sin nach gcomhlíonann oibriú na mbeartas riachtanais an phobail i gcoitinne i gcónaí, agus leanaí go háirithe. Cé go bhfuil tábhacht ollmhór ag baint le hacmhainní imleora lena chinntiú go dtugtar meas do chearta leana, is féidir a rá go bhfuil an dearcadh agus an cultúr a chuireann taca faoin dóigh a ndéanaimid teagmháil le leanaí agus an dóigh a soláthraímid do leanaí níos bunúsaí.

I ndiaidh ocht mbliana d'imscrúdú a dhéanamh ar ghníomhartha comhaltaí poiblí, tá sé an-soiléir ar fad dom nach bhfuil urramú á thabhairt de réir an chórais in Éirinn do na príomhphrionsabail um leas agus meas maidir le dearcthaí an linbh. Tá sé sin tugtha chun suntais agam go comhsheasmhach i mo chuid tuarascálacha bliantúla don Oireachtas, ar fud na réimsí sláinte, oideachais agus ceartais.

Tá a lán den díospóireacht maidir le hathrú bunreachtá dírithe – mar ba cheart dó a bheith – ar iarmhairt a d'fhéadfadh leasú molta ar bith a bheith aige ar imeachtaí breithiúnacha. Is féidir a rá go bhfuil sé i bhfad níos dóchúlú go rachadh cinnteoireacht a dhéanann riarachán sibhialta agus poiblí i gcion ar líonta níos mó leanaí agus teaghlach.

Ní raibh mé riamh i mo thacadóir de stát ró-crioscaíolach.

Go dtí seo, ní dhearnamar scrúdú ar chás i gcás go raibh coinbhleacht idir cearta an tuismitheora agus cearta an linbh. Má tá rud amháin atá dearbhaithe trínár gcuid oibre d'ocht mbliana, is é sin gurb iad tuismitheoirí na habhcóidí is láidre agus is greamúsaí ar fad ar son leanaí. Is é sin an chúis gurb iad na leanaí atáim fós buartha fúthú na leanaí nach bhfuil cúram tuismitheoirí acu, na leanaí siúd nach bhfuil an tuismitheoir greamúsach acu ag troid ar a son.

Ag tús na bliana 2011, bhí sé spreagúil láithreach leanaí a fheiceáil sa chlár don rialtas, go háirithe tiomantas do reifreann a thionól maidir le cearta leanaí agus tiomantas maidir le deireadh a chur le coimeád daoine óga i bhForas Naomh Pádraig.


Glacfaidh sé am agus iarracht chun cultúr úr measa a fhorbairt do leanaí in Éirinn. Ní bhainfear an sprioc sin amach tríd an mBunreacht a leasú amháin; mar sin féin, is cinnte go n-athrófar an tírdhreach dlíthiúil agus beartais tríd ionas go dtarlóidh an t-athrú cultúrtha atá de dhíth.

Áirítear samplaí de dhea-chleachtas inár ndlíthe, beartas agus nósanna imeachta; áirítear samplaí suntasacha iontu chomh maith maidir leis an gcliseadh prionsabail cearta linbh a bhreithniú. Ina bhfianaise sin, bheadh sé ina dhearbhu cumhachtach agus láidir na prionsabail sin a chuimsiú sa doiciméad dlíthiúil is bunúsaí sa stát.

Trí reifreann maidir le cearta leanaí a thionól cuirtear deis ar fáil d'Éirinn a bheith ina ceannaire ar chearta leanaí ar fud an domhain. Fiú má tá cearta leanaí neadaithe i mBunreacht na hÉireann, beidh dúshlán le sárú an t-am ar fad maidir le réadú praiticiúil a gceart ar bhonn laethúil

ag soláthraithe seirbhíse. Tá inrochtaineacht ar mheicníocht neamhspleách um shásamh do dhaoine nach féidir leo sásamh a fháil sna cúirteanna bunúsach i gcomhair daonlathais atá ag feidhmiú go maith. Tá an ról atá ag m’Oifig fiú níos tábhachtaí maidir le meicníocht neamhspleách ar chostas íseal a chur ar fáil do thuismitheoirí agus do leanaí trínár bhfeidhm gearán. Trí réiteach na bhfadhbanna córasacha a shainnithint agus a mholadh, chuidigh agus cuideoidh an fheidhm reachtúil sin lena lán leanaí amach anseo.

Mar Ombudsman do leanaí, athshonraím tiomantas m’oifige do mhonatóireacht neamhspleách a dhéanamh ar chearta agus leas leanaí thar na blianta atá le teacht.

A handwritten signature in black ink that reads "Emily Logan". The signature is written in a cursive style and is positioned above a thin blue horizontal line.

Emily Logan

An tOmbudsman do Leanaí

2

OIFIG AN OMBUDSMAN DO LEANAÍ: STRAITÉIS 2011 – 2016

I mBealtaine 2011, d’fhoilsigh an Oifig a dara Straitéis ó bunaíodh í. Beidh an Straitéis reatha ag treorú pleananna agus gníomhaíochtaí na hOifige thar an tréimhse sé bliana go dtí 2016.

Ceapadh an doiciméad i gcomhréir le cuspóirí luaite na hOifige a bheith ag obair chun cultúr a chruthú in Éirinn ina bhfuil feasacht láidir an phobail ar chearta leanaí a nglactar dáiríre leo agus a bhfuil meas an phobail orthu. Leagtar amach trí sprioc straitéiseacha ann atá le leanúint suas go dtí 2016. Is iad seo mar a leanas:

1. *Forfheidhmiú Cearta Leanáí* – tá sé mar aidhm leis rannpháirtíocht chuiditheach a chothú ar an saincheist leis an lucht déanta cinntí;
2. *Athrú Córasach* – tá sé mar aidhm leis athrú mórscála dearfach a chur i bhfeidhm ar bheartais agus cleachtais a bhaineann le leanaí agus le daoine óga; agus
3. *Forbairt Acmhainne* – tá sé mar aidhm leis tiomantas agus cumas a fhorbairt chun dul i ngleic le cearta leanaí ar bhealach níos fearr.

Leagtar amach na bearta ginearálta ann atá riachtanach lena spriocanna luaite a bhaint amach agus é ar fáil ar www.oco.ie/publications

Soláthraítear forléargas sa Tuarascáil Bhliantúil seo ar na gníomhaíochtaí suntasacha a rinne an Oifig i rith 2011 lena cuid spriocanna straitéiseacha a chur chun cinn trí chomhairle a sholáthar don Rialtas; trí obair le leanaí/daoine óga; trí dhul i ngleic le príomhpháirtithe leasmhara, agus trí aghaidh a thabhairt ar athrú córasach trí ghearáin a imscrúdú.

3

FORBAIRT EAGRAÍOCHTÚIL

Seirbhísí Corparáideacha

Rialú Airgeadais

Ba é €2.112m leithdháileadh airgeadais 2011 Oifig an Ombudsman do Leanaí.

Mar atá leagtha amach in Ailt 17 (1) agus (2) d'Acht an Ombudsman do Leanaí, 2002, tá an tOmbudsman do Leanaí freagrach as Ráitis Airgeadais a ullmhú agus as rialtacht idirbhearta na hOifige a chinntiú. Áirítear leis na feidhmeanna a chuireann taca faoi na freagrachtaí seo íocaíochtaí d'earraí agus do sheirbhísí a údarú agus a mhonatóiriú, próisis tairisceana, oibriú an phárolla, agus tuairisceáin mhíosúla a thiomsú.

Tá na Ráitis Airgeadais faoi réir ag iniúchadh ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Rinneadh iniúchadh ar chuntais 2010 i Meitheamh 2011. Nuair a bheidh siad faofa ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, foilsítear iad, agus tá cuntais bhliantúla le haghaidh gach bliana suas go dtí 2011 ar fáil ag www.oco.ie/publications.

Leanann CrowleysDFK de sheirbhísí cuntasafóchta a sholáthar don Ombudsman do Leanaí ó tugadh conradh trí bliana dó in 2011 tar éis tairisceana oscailte.

Acmhainní Daonna

Tá 15 ball foirne a ceadaíodh ag an Oifig. Is dúshlán leanúnach é úsáid a bhaint as an acmhainn lárnach seo chun freastal ar éilimh atá fós ag méadú bliain i ndiaidh bliana, maidir le toirt agus castacht.

Rinneadh athbhreithniú ar ról agus feidhmeanna na foirne go léir san Oifig go déanach in 2010 agus go luath in 2011. Mar thoradh air seo, bhí athchothromú na n-acmhainní i bhfabhar fheidhm na hOifige maidir le gearáin a scrúdú agus a imscrúdú. Ina theannta sin – mar atá léirithe i dTuarascáil Bhliantúil 2010 – leanann an Oifig de bheith ag brath ar phainéal imscrúdaithe, mar gheall ar líon na ngearán a fhaightear.

Nuashonrú an Chórais Sonraí

Beart eile a glacadh i rith na bliana le cumas a leathnú i réimse na ngearán ná athfhorbairt shuntasach a dhéanamh ar bhunachar sonraí gearán na hOifige. I measc phríomhchuspóirí an phíosa suntasach oibre seo ná an fhaisnéis a dhéanamh níos inrochtana, monatóireacht iomlán de dhul chun cinn faoi ghearáin aonair a dhéanamh níos éasca agus cumas tuairiscithe méadaithe a bheith ann le staitisticí gearán a bheachtú tuilleadh. Mar thoradh air sin uile tá córas ann anois atá in ann líon suntasach sonraí atá le bainistiú a phróiseáil, chomh maith le sonraí atá cothrom le dáta a tháirgeadh.

Úsáid Áitreabh

Chomh maith le ceardlanna oideachais ar chearta daonna a réachtáil do ghrúpaí leanaí agus daoine óga ar cuairt, lean an tOmbudsman do Leanaí ar aghaidh leis na háiseanna i dTeach na Mílaoise a chur ar fáil mar ionad le haghaidh imeachtaí cuí a bhí dírithe ar chearta agus leasanna leanaí agus daoine óga. Mar shampla, tionóladh comhairliúcháin le daoine óga ag Fóram Óige Ospidéal Náisiúnta na Leanaí agus ag an gCoiste um Iolrachas agus Pátrúnacht in áitribh na hOifige le linn 2011.

Oiliúint agus Forbairt Ghairmiúil

Le linn 2011, rinne roinnt baill foirne shinsearacha clár oiliúna i gceannaireacht. Ghlac gach ball foirne páirt i gCeardlann um Chosaint Leanaí le fócas ar leith ar na Treoirlínte 'Children First' nuashonraithe.

Seirbhísí Dlí

Sholáthair Ronan Daly Jermyn seirbhísí dlí don Oifig le linn 2011. Críochnaíodh an Conradh seo i Nollaig 2011. Foilsíodh Iarratas ar Thairiscintí do Sholáthar Seirbhísí Dlí i Samhain 2011.

Na Meáin

Mar a bhí i mblianta roimhe seo, bhí suim shuntasach ag na meáin in obair na hOifige, chomh maith le clúdach forleathan di. Go sonrach, bhí aird shuntasach ar imní an Ombudsman do Leanaí faoi choimeád leanúnach leanaí i bpríosún do dhaoine fásta i rith na bliana, ag eascairt as tuarascáil a foilsíodh i mí Feabhra ar obair a rinne an Oifig le daoine óga in Institiúid Naomh Pádraig, chomh maith le foilsiú athbhreithniú OCO maidir le deich imscrúdú samplacha ar a raibh clúdach forleathan.

Mar gheall ar nádúr íogair na n-imscrúduithe a dhéanann an Oifig go minic, ní fhoilsímid gach ceann dár gcásanna. Agus cinneadh á dhéanamh againn cibé an bhfoilseoidimid nó nach bhfoilseoidimid cás, measaimid an bhfuil an duine óg (nó an teaghlach) atá i gceist leochaileach agus conas a d'fhéadfadh tionchar a bheith orthu mar gheall ar fhoilsiú; cibé an bhfuil an cás chomh sonrach sin leis an ngearánach a dhéanamh inaitheanta; agus cibé an bhfuil an cás i leas an phobail. Tá spéis agus cúnaimh na meán ríthábhachtach chun tuiscint agus feasacht san Oifig a ghiniúint. Imríonn na meáin ról ríthábhachtach, gan amhras, maidir le héifeachtaí na cinnteoireachta poiblí ar leanaí a chur in iúl, agus tugtar aitheantas agus buíochas ar an meas atá acu ar na hÍogaireachtaí a bhaineann leis na himscrúduithe sin atá foilsithe againn. Bhí an Oifig, san am atá caite, i dteagmháil le hOifig Ombudsman an Phreasa i dtaca lenár mbuarthaí faoi imscrúduithe íogair a shonrú.

Gnóthaí Poiblí

Tuairiscíonn an tOmbudsman do Leanaí go díreach do Thithe an Oireachtais agus tá sainordú reachtúil aici comhairle a thabhairt d'Airí Rialtais ar dhlíthe agus ar bheartais a bhfuil tionchar acu ar leanaí. Ina fhianaise seo, de thairbhe na n-athruithe suntasacha a tharla sa tírdhreach polaitiúil i rith 2011, bhí ar an Oifig iarrachtaí luatha agus diana a dhéanamh chun dul i dteagmháil leis na hAirí Rialtais ábhartha ar a cuid oibre agus ar a tosaíochtaí; le hurlabhraithe Dála agus Seanaid, le Cathaoirligh Choistí an Oireachtais, amhail Sláinte agus Leanaí; Dlí agus Ceart agus Cosaint; Fostaíocht, Cosaint agus Oideachas Sóisialta; agus Imscrúduithe, Maoirseacht agus Achainíocha.

Láithreán Gréasáin

Tá láithreán Gréasáin na hOifige fós ina phríomhuirlis chun cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal. Ag am nuair a bhí ár n-acmhainní foirne faoi bhrú ar fud na bhfeidhmeanna éagsúla, ba bhealach éifeachtach é ó thaobh costais de an láithreán Gréasáin chun cumarsáid a dhéanamh ar mhórsála. Tá sé ina uirlis thar a bheith luachmhar freisin chun cuidiú le gearánaithe féideartha tuiscint a fháil ar conas agus cá huair is féidir linn cabhrú leo, chun a chinntiú go raibh gach ceann de na doiciméid bheartais OCO agus de na hábhair oideachais ar fáil le híoslódáil, chomh maith le cinnte a dhéanamh de go raibh míreanna nuachta, imeachtaí agus gníomhaíochtaí ar fáil go héasca ar leathanach baile an láithreáin Ghréasáin. Bhí breithniú leanúnach ag deireadh 2011 ar conas tacaíocht don phobal tríd an mheán seo a fheabhsú, d'fhonn forbairt shuntasach bhreise a dhéanamh ar an láithreán Gréasáin, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as na meáin shóisialta le linn 2012.

Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh in 2011

I Nollaig 2009, thug an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, éifeacht do Threoir 2006/32/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2006, agus rinne sé Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éifeachtacht Úsáid Deiridh Fuinnimh agus Seibhísí Fuinnimh) 2009 (IR 542 de 2009) '. Ceanglaítear sna Rialacháin ar eagraíochtaí san earnáil phoiblí a thuairisciú go bliantúil, ó Eanáir 2011, ar a n-úsáid fuinnimh agus bearta a rinneadh le tomhaltas a laghdú.

In 2011, d'úsáid Oifig an Ombudsman do Leanaí 87.13 MWh de leictreachas, i gcomparáid le 99.49 MWh in 2010.

Bearta a rinneadh in 2011

Lean seirbhísí corparáideacha ar aghaidh le cinntiú gur múchadh trealamh leictreach neamhriachtanach san oíche.

Rinneadh athbhreithniú ar gach córas leictreach in 2011, agus mar thoradh air sin athsholáthraíodh roinnt trealamh leictrigh le fearais níos tíosaí ar fhuinneamh.

Ag teacht lenár n-iarrachtaí chun ídiú fuinnimh a laghdú, leanann an OCO ar aghaidh le córas athchúrsála cuimsitheach inmheánach a oibriú. Rinneadh coigiltis airgeadais trí kVA na hOifige a laghdú ó 165kVA go 100kVA. Beidh an figiúr nua á choimeád faoi athbhreithniú in 2012 d'fhonn laghdú breise a dhéanamh sa bhliain.

4

GEARÁIN AGUS IMSCRÚDUI THE

Is é an fheidhm ghearán agus imscrúdaithe croí-fheidhm agus feidhm ghnóthach na hOifige. Faoi Acht an Ombudsman do Leanaí 2002, is féidir leis an OCO imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin a dhéanann leanaí agus daoine óga, nó a dhéanann daoine fásta thar a gceann, faoi eagraíochtaí poiblí, scoileanna nó ospidéal. Is seirbhís saor in aisce, neamhspleách agus neamhchlaonta í.

Forálacha Ar Leith

Foráiltear san Acht 2002 d'oibriú feidhmeanna gearán agus imscrúduithe ag an Ombudsman do Leanaí. Leagann na forálacha reachtúla amach foras caighdeán drochriaracháin maidir le hathbhreithniú ar ghearáin agus déanamh na n-imscrúduithe. Ós rud é go gcaithfidh an éifeacht ghnímh ar leanbh a bheith ina ábhar imscrúdaithe a rinne an tOmbudsman do Leanaí agus gur féidir le páistí iad féin gearáin a thabhairt chuig an Oifig, leagann an tAcht amach raon forálacha reachtúla sonracha a chuireann leochaileacht ar leith leanaí san áireamh.

1. Dualgas chun aird a thabhairt ar leas is fearr an linbh

Foráiltear san Acht go mbeidh aird an Ombudsman do Leanaí ar mhaithe le leas an linbh le linn a feidhmeanna gearán agus imscrúduithe á gcomhlíonadh.

2. Dualgas chun aird a thabhairt ar mhianta an linbh

Foráiltear san Acht go mbeidh aird chuí an Ombudsman do Leanaí i bhfeidhmiú a gearán agus imscrúdaithe, nuair is infheidhmithe, ar mhianta an linbh, agus aois agus tuiscint an linbh á gcur san áireamh aici.

Gosonrach, féachtar sa phróiseas scrúdaithe agus imscrúdaithe ar ábhar an drochthionchair ar an leanbh, chomh maith le cibé acu an raibh an gníomh, nó an bhféadfadh an gníomh a bheith:

- déanta gan údarás ceart;
- déanta ar fhorais neamhábhartha;
- mar thoradh ar fhaillí nó míchúram;
- bunaithe ar fhaisnéis earráideach nó neamhiomlán;
- idirdhealaitheach go míchuí;
- bunaithe ar chleachtas neamh-inmhianaithe riaracháin; nó
- ar shlí eile i gcodarsnacht le riarachán cothrom agus iontaoifa.

Leanann an t-eolas a fhaightear trí ghearáin a fháil, a scrúdú, agus a imscrúdú ag an Oifig le

léargas luachmhar a chur ar fáil maidir le taithí na leanaí agus na teaghlach agus iad ag déileáil le seirbhísí poiblí. Ag an am céanna, soláthraíonn imscrúdú ar láimhseáil gearán aiseolas agus iniúchadh luachmhar feidhmíochta do na soláthróirí seirbhíse poiblí bainteacha. Déanann sé bearta a rinneadh a bhailíochtú nó an cás maidir le hathrú a chur i láthair. Níos tábhachtaí fós, tugann sé infheictheacht do thaithí iarbhir na ndaoine óga agus guth lena mbuarthaí nuair a bhfuil siad, nó nuair a bhíonn siad i mbaol, de dhrochthionchar mar gheall ar ghníomhartha chomhlachtaí na seirbhíse poiblí.

Tháinig méadú leanúnach ar líon na ngearán a cuireadh chuig an Oifig, agus leagtar amach thíos cuid de na príomh-shaincheisteanna a thagann chun solais. Rinne an Oifig athbhreithniú ar a próisis chun breathnú ar conas is féidir freagairt ar an éileamh méadaithe ar an mbealach is fearr. Tá béim leanúnach ar réiteach áitiúil a chur chun cinn agus tá an Oifig i gcónaí aireach ar an tábhacht a bhaineann le caidrimh idir leanaí, teaghlaigh agus seirbhísí áitiúla.

Nuair ba chuí, lean an Oifig ar aghaidh le moltaí a dhéanamh maidir le deacrachtaí a réiteach ag an leibhéal áitiúil, agus seans nach mbeadh gá le haon idirghabháil bhreise ag an Oifig ina dhiaidh sin. Aithnítear leis an gcur chuige seo go bhfuil an sásamh is tapa ar fáil ag an leibhéal áitiúil agus nach mór an fhoghlaim eagrúcháin trína neartaítear an ghné seo a éascú. Is é cleachtas na hOifige, i gcás go meastar na himthosca a bheith ceart, moltaí sonracha a dhéanamh atá beartaithe chun cabhrú le réiteach áitiúil don leanbh ar leith nó le cásanna den chineál céanna a tharlaíonn do leanaí arís agus arís eile go ginearálta a sheachaint. Sonraítear bearta sna spreagthaí déanacha de ghnáth is féidir a ghlacadh chun beartas, cleachtas agus nós imeachta a choigeartú chun eispéiris nó torthaí níos fearr a bhaint amach do leanaí agus iad ag déileáil leis an gcomhlacht poiblí lena mbaineann.

Nuair ba chuí, lean an Oifig ar aghaidh le hidirghabhálacha a dhéanamh do chomhlachtaí poiblí maidir le céimeanna is féidir a ghlacadh chun feabhas a chur ar bheartas, cleachtas agus nós imeachta chun na torthaí is fearr do leanaí a bhaint amach. Agus na príomhréimsí ina n-eascraíonn gearáin á meas – oideachas, sláinte agus tithíocht – is iad seo a leanas na fachtóirí coitianta a aithníodh:



- cumarsáid leanúnach/feabhsaithe le teaghlaigh;
- idirchaidreamh i dtaca le hinfhaighteacht sásaimh áitiúil;
- an riachtanas freagra níos tapa ar bhuarthaí a chinntiú agus réiteach don leanbh;
- an riachtanas níos mó solúbthachta a fheidhmiú maidir le hoibriú scéime ar leith ar mhaithe le leas an linbh;
- faisnéis níos fearr maidir leis na riachtanais incháilitheachta agus/nó an próiseas atá i gceist;
- próiseas níos trédhearcaí um láimhseáil gearán agus achomhairc;
- cinntí a chur in iúl agus a mhíniú go soiléir, agus
- athbhreithniú ar chásanna le haghaidh foghlama.

I gcás go dtéann gearán thar réamhscrúdú go dtí imscrúdú a bheith críochnaithe, tá dualgas dlí ag an Oifig ráiteas ar an an imscrúdú a chur ar fáil. Leagann sé seo amach torthaí an imscrúdaithe, na bearta atá molta ag an Ombudsman do Leanaí maidir leis na torthaí sin, agus an freagra, más ann di, a rinne an comhlacht poiblí, an scoil, nó an t-ospidéal deonach ar na bearta sin. Is minic an cás nach mbíonn moltaí den sórt sin dírithe amháin ar réiteach a sholáthar don leanbh aonair lena mbaineann, ach sonraíonn siad athrú riachtanach nó inmhianaithe córasach ar mhaithe le leasanna leanaí i gcoitinne. Is é cleachtas na hOifige fiosrúcháin leantacha a dhéanamh ar na comhlachtaí poiblí ábhartha, de ghnáth laistigh de shé mhí ón imscrúdú a bheith críochnaithe, maidir le dul chun cinn ar chur i bhfeidhm na moltaí a rinneadh. Cuireann sé seo ar chumas an Ombudsman do Leanaí a chinneadh, trí thagairt dá cuid dualgas faoin Acht 2002, cibé acu an bhfuil na bearta a glacadh, nó a mholtar a bheith glactha, de bhun a moltaí, sásúil nó nach bhfuil. Tá sampla de na moltaí córasacha a rinneadh a éiríonn as an obair ghearán agus imscrúduithe le linn 2011 leagtha amach go mion níos déanaí sa chuid seo den Tuarascáil Bhliantúil.

Gearáin ar déileáladh leo in 2011.


Ag teacht le blianta roimhe seo, bhí méadú suntasach in 2011 ar líon na ngearán a fuair an Oifig, agus 1,491 gearán ar déileáladh leo le linn na bliana, arbh ionann é sin agus 1,393 gearán a fuarthas agus 98 a tugadh ar aghaidh ó 2010. Léiríonn sé seo méadú de 22% ar líon na ngearán a fuarthas i gcomparáid leis an mbliain roimhe.

Líon na nGearán ar Déileáladh leo



Léiríonn an chart thíos an dáileadh earnála den iomlán de na 1,393 gearán nua a fuarthas:

Catagóir ghearán (Eanáir – Nollaig 2011)



Comparáid idir na catagóirí de ghearáin nua le haghaidh 2010 agus 2011:

- tháinig méadú foriomlán de 22% ar ghearáin nua;
- méadaíodh an céatadán iomlán de ghearáin a bhaineann le hoideachas go suntasach ó 38% go 47%;
- laghdaíodh an céatadán iomlán de ghearáin a bhaineann le cúrsaí sláinte ó 37% go 32%;
- laghdaíodh an méid iomlán de ghearáin a bhaineann le hearnáil an cheartais ó 8% go 5%, agus
- tháinig laghdú de 1% sa chéatadán de ghearáin a bhaineann le tithíocht/pleanáil agus le saincheisteanna eile.

Ceartas

Déantar inghlacthacht na ngearán a fuarthas i dtaca leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais a scrúdú sa chéad dulsíos maidir le roinnt forálacha atá in Acht an Ombudsman do Leanaí, 2002, nach gcuireann san áireamh imscrúdú ar ghníomhartha amhail cinntí eadóirseachta, saoránachta, inimirce agus tearmainn, nó conas a chaitear le leanaí i bpríosúin do dhaoine fásta, mar shampla in Institiúid Naomh Pádraig.

Le linn na bliana, bhí an Oifig i dteagmháil leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir le roinnt gearán agus ábhar imní a bhain le saincheisteanna ar inimirce nó tearmann. Cé go bhfuil cinntí maidir le riaradh an dlí sna réimsí seo lasmuigh de théarmaí tagartha na hOifige, bhí gníomhartha riaracháin mar thoradh ar chuid acu ina raibh saincheisteanna inscrúdaithe, amhail conas a caitheadh leis na leanaí maidir le sláinte, oideachas, tithíocht, agus soláthar do riachtanais speisialta.

Fuair an Oifig líon beag gearán thar ceann leanaí atá ina gcónaí sa tír seo a bhfuil stádas dlíthiúil neamhchinnte acu fosta, agus thug sí faoi deara conas is féidir drochthionchar a bheith ar na leanaí sin mar gheall ar na deacrachtaí agus na baic i dtaca le hábhar bunúsach mar sin a shocrú. Áirítear i samplaí de chásanna a bhaineann le cruatan do leanaí, na leanaí siúd a rugadh trí shocruithe máthairionadaíochta, agus ábhar imní ann maidir le deimhneacht dhlíthiúil a bhunú don leanbh i réimsí amhail toiliú a sholáthar i dtaca le cóireáil leighis ar a son/shon.

I ndáil le socruithe máthairionadaíochta, scríobh an Oifig chuig an Roinn Dlí agus Cirt go luath i Meán Fómhair 2010 chun soiléiriú a lorg ar roinnt saincheisteanna:

- comhairle agus treoir maidir le conas is féidir le habhcóidí na leanaí atá ina gcónaí anseo a rugadh trí shocruithe máthairionadaíochta rochtain a fháil ar an gcóras dlí ar son an linbh chun saincheisteanna amhail tuismíocht, caomhnóireacht, agus saoránacht a dhaingniú;
- comhairle agus treoir ar conas dul i ngleic le deacrachtaí féideartha i dtaca le hionadaíocht dhlíthiúil a rochtain nó a íoc tríd an mBord um Chúnamh Dlíthiúil, nó ar shlí eile;
- toiliú leighis;
- comhairle ar theaghlaigh a théann i dteagmháil linn a threorú;
- sonraí maidir le haon reachtaíocht bheartaithe na Roinne sna cúinsí seo a rachadh i ngleic leis na saincheisteanna a ardaíodh; agus
- sonraí maidir le haon bhearta atá á ndéanamh nó atá bheartaithe ag an Roinn a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar na saincheisteanna a ardaíodh, nó a d'fhéadfadh iad a réiteach.

Bhain cásanna eile le leanaí faoi chúram fadtéarmach gan doiciméadú aitheanta, a d'ardaigh ábhair imní faoi éifeachtaí forleathana dá leas. I ngach gearán ábhartha a fuarthas, rinne an Oifig iarracht dul i dteagmháil leis an Roinn chun aird a tharraingt ar shuntasacht na mbuarthaí agus ar an tábhacht atá ag baint le réiteach luath do na leanaí i gceist.

Anailís Bhreise ar Chatagóirí

Oideachas

Léiríonn an tábla thíos na príomhchatagóirí de ghearáin nua a fuarthas maidir le cúrsaí oideachais:

Miondealú ar na cúig phríomhchatagóir laistigh de ghearáin Oideachais 2011	
Fochatagóir	Céatadán de ghearáin oideachais 2011
Gníomhartha an Mhúinteora/an Phríomhoide	21%
Iompar Scoile	21%
Bulaíocht	14%
Fadhbanna le hAcmhainní Riachtanais Speisialta	12%
Fadhbanna le gníomhaíochtaí an Bhoird Bhainistíochta	10%

Sláinte

Léiríonn an tábla thíos na príomhchatagóirí de ghearáin nua a fuarthas maidir le cúrsaí sláinte:

Miondealú ar na cúig phríomhchatagóir laistigh de ghearáin Sláinte 2011	
Fochatagóir	Céatadán de ghearáin sláinte 2011
Cinntí maidir le Leanaí faoi Chúram	33%
Leorgacht agus Rochtain maidir le Seirbhísí an FSS	23%
Gníomhartha an FSS	17%
Cosaint Leanaí	12%
Beartais/Nósanna Imeachta an FSS agus Ospidéal	4%


Tithíocht

Baineann formhór na gearáin sin le leanaí agus le teaghlaigh atá ag iarraidh tithíocht a fháil óna n-údarás áitiúil a bheadh oiriúnach do leanbh nó do riachtanais áirithe an duine óig.

Eile

Baineann beagnach 40% de na gearáin atá catagóirithe mar sin le saincheisteanna a bhaineann leis an gcóras Coimirce Sóisialaí. De ghnáth, bhain siad sin le híocaíochtaí/liúntais leasa shóisialta do leanaí. Mar a luadh i dtuarascáil bhliantúil na bliana seo caite, mar gheall ar easpa acmhainní bíonn cosc éifeachtach ar an Ombudsman do Leanaí glacadh le gearáin a bhaineann go díreach le híocaíocht liúntais, deontais Coimirce Sóisialaí, srl, maidir le leanaí. Cuirtear a leithéid sin de ghearáin chuig oifig an Ombudsman faoi láthair. Sonraíonn an tOmbudsman do Leanaí, cé go ndéantar na híocaíochtaí atá i gceist le daoine fásta ar chúiseanna soiléire, tá siad go sonrach le haghaidh cúram agus cothabháil leanaí. Sonraíonn sí go mbíonn drochthionchar díreach ar an leanbh lena mbaineann mar gheall ar aon drochriarachán i ndéanamh na n-íocaíochtaí seo. Dá bhrí sin, measann sí go mbeadh cur chuige níos iomláine ann dá rachadh a hoifig i ngleic lena leithéid sin de ghearáin le peirspictíocht leanaí-lárnach a bhaint amach i gcásanna den sórt sin agus go mbeadh sé níos iomchuí le feidhmeanna agus dualgais oifige a bunaíodh go sonrach, inter alia, chun gearáin a dhéanann leanaí nó a dhéantar thar a gceann a imscrúdú.

Gearánaigh



Tá tuismitheoirí go fóill mar phríomhabhcóidí ar son a gcuid leanaí, agus méadú i líon na ngearán nua a chuir tuismitheoirí isteach, ó 67% in 2010 go 76% in 2011.

Ba iad leanaí faoi chúram an FSS a lán de na leanaí agus na daoine óga a rinne teagmháil leis an Oifig in 2011 maidir le cúrsaí amhail:

- moill i bpleanáil chúraim, nó oiriúnacht de;
- easnaimh a bhaineann le pleanáil agus soláthar iarchúraim;
- athruithe beartaithe nó iarbhír de shocrúcháin (lena n-áirítear pleanáil), ag lorg agus ag breithniú tuairimí dhaoine óga agus an cinneadh a chur in iúl.
- gan oibrí sóisialta dáilte a bheith ann;
- cóiríocht agus tacaíochtaí ar fáil do dhaoine óga atá gan dídean.

Leagtar amach sa tábla thíos miondealú ar na cineálacha gairmithe a théann i dteagmháil leis an Oifig chun gearán a dhéanamh ar son leanaí.

Na 5 bharrchatagóir gairmithe a rinne teagmháil leis an oifig thar ceann leanaí

- 1.** Príomhoide Scoile
- 2.** Cleachtóir Oibre Sóisialta
- 3.** Oibrí Poiblí/Óige
- 4.** Aturnae
- 5.** Múinteoir'

Tá an Oifig den tuairim go bhfuil an-tábhacht ag baint leis go leanfaidh réimse leathan gairmithe ar aghaidh lena n-imní a ardú faoi leas leanaí. Ar chúiseanna éagsúla níl an cumas ag roinnt tuismitheoirí gearán a dhéanamh nó d'fhéadfadh gairmithe a bheith mar phríomhabhcóidí acu. Leanann an Oifig le gairmithe a spreagadh dul i dteagmháil léi chun aird a tharraingt ar ábhar imní a bhaineann le leanaí agus le daoine óga.

Saincheisteanna ag Teacht Chun Cinn

I bhfianaise na n-ábhar imní a thugtar chuici, nó thar ceann leanaí le linn bliana áirithe, is é cleachtas na hOifige tús a chur le rannpháirtíocht níos leithne ar na saincheisteanna leis an gcomhlacht poiblí cuí. Ba é seo an cás le linn 2011 agus leagtar amach cuid de na hábhair a cumhdaíodh san alt seo.

Riachtanais Speisialta

Tá toirt shuntasach gearán á fáil againn fós maidir le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu ar fud gach catagóire.

Oideachas – Athruithe ar Sheirbhísí Iompar Scoile

Mar gheall ar chinntí socrúithe i dtaca le soláthar iompar scoile a athrú, a tugadh chun feidhme le linn 2011, bhí méadú suntasach i dteagmhálacha leis an Oifig. I measc na saincheisteanna a thug tuismitheoirí dúinn ó gach cearn den tír ar son a gcuid leanaí bhí:

- costais bhreise le hiompar scoile a úsáid
- athruithe i riail na scoile dúnta
- athruithe ar riachtanas an uaslín le bealach bus a chur ar bun
- easpa na roghanna malairte ar fáil agus na himpleachtaí costais bainteacha
- saincheisteanna sláinte agus sábháilteachta
- an tionchar a bheidh aige seo ar am teaghlaigh agus cothromaíocht oibre
- infhaighteacht leanúnach agus inmharthanacht iompair do shíblíní

D'ullmhaigh oifig an Ombudsman do Leanaí Aighneacht chuig Comhchoiste an Oireachtais um Oideachas & Eolaíocht roimhe seo maidir le hIompar Scoile agus, sa chás seo, bhí an Oifig i mbun idirphlé ar leith leis an Roinn Oideachais agus Scileanna ar an ábhar d'fhonn cur chuige na Roinne ar na saincheisteanna a shoiléiriú. Chomh maith le gearáin aonair a imscrúdú ar son leanaí, rinneamar moltaí freisin, a bhí beartaithe chun feabhas a chur ar chleachtas riaracháin laistigh den scéim do gach leanbh. Cé go bhfuil cumhacht ag an Oifig seo imscrúdú a dhéanamh ar ghníomhartha riaracháin comhlachta phoiblí le fáil amach an bhfuil siad iontaofa agus cothrom, tá ról reachtúil againn freisin le saincheisteanna a chur chun cinn atá mar ábhair imní do leanaí agus dá dteaghlaigh.

Is eol dúinn go bhfuil na hathruithe atá beartaithe ar an scéim bunúsach agus forleathan de réir a nádúir. Dá bhrí sin, chuireamar tús leis an rannpháirtíocht seo leis an Roinn Oideachais agus Scileanna chun na hábhair imní a thug teaghlaigh dúinn a chur in iúl, mar aon lenár n-imní féin, agus leis an méid ollmhór oibre a rinneadh go dtí seo trínár bhfeidhm ghearán agus imscrúduithe a úsáid le cur chun feidhme moltaí ó imscrúduithe roimhe seo a chur chun cinn, as a dtiocfadh córas níos cothroime, dar linn.

Cuireadh faisnéis a bhaineann leis na rannpháirtíochtaí níos leithne leis an Roinn ar fáil ar láithreán Gréasáin na hOifige le tuismitheoirí nó daoine eile a bhfuil imní cosúil orthu a chur ar an eolas faoin gcur chuige a glacadh.

Oideachas – An Riachtanas Nósanna Imeachta Reachtúla a Chur i bhFeidhm

I dTuarascálacha Bliantúla roimhe seo (2008 agus 2010) tarraingíodh aird ar an ngá atá le socruithe reachtúla a bhaineann le hábhair imní tuismitheoirí maidir le gníomhartha na scoileanna (faoi alt 28 den Acht Oideachais 1998) agus faoi ghníomhartha múinteoirí (faoi Alt V d'Acht na Comhairle Múinteoireachta 2001) a chur i bhfeidhm.

Le linn 2011, lean an tOmbudsman do Leanaí i gcomhfhreagras leis an Roinn Oideachais agus Scileanna ar fhorbairtí a bhroastú agus coinneoidh sí a rannpháirtíocht i dtacaíocht le socruithe reachtúla laistigh den earnáil oideachais a bhunú, inar féidir aghaidh a thabhairt ar ábhair imní a thagann chun solais.

FSS – Soláthar Seirbhíse do Dhaoine gan Dídean do Leanaí agus Daoine Óga

Le blianta beaga anuas, fuair an Oifig gearáin a rinne daoine óga, nó a rinneadh thar a gceann, daoine a bhí gan dídean agus/nó a bhí ag úsáid idirghabháil ghéarchéime agus seirbhísí lasmuigh de na gnáthuaireanta gnó. Tarraingíodh aird ar an tsaincheist seo i dtosach i dTuarascáil Bhliantúil 2009. D'ardaigh an tOmbudsman do Leanaí é freisin, ar leibhéal idirnáisiúnta, le Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh agus leis an gComhairle um Chearta an Duine. Rinneadh tagairt dá himní i dtuarascáil na bpáirtithe leasmhara a d'fhoilsigh Oifig an Choimisinéara um Chearta an Duine sa Ghinéiv, i dtaca leis an éisteacht Stáit i nDeireadh Fómhair, 2011.

Cé go raibh ag an Oifig i dteagmháil leis an FSS de réir an cháis aonair, bhí sé soiléir go raibh na ceisteanna á n-ardú de chineál córasach. I Márta 2011 rinne an Oifig idirghabháil agus cuireadh tús le réamhscrúdú ar na ceisteanna córasacha. I mBealtaine 2011, chuir an Oifig seo in iúl don FSS go raibh sé beartaithe aici imscrúdú córasach a dhéanamh i mbainistíocht agus i rialachas an bheartais agus an chleachtais i soláthar seirbhísí do leanaí gan dídean.

Mar chuid de phróiseas plé a tháinig as an togra chun imscrúdú a dhéanamh, leag an FSS amach roinnt treoracha beartais agus bearta láithreacha le cur chun cinn d'fhonn feabhas a chur ar na seirbhísí a sholáthraíonn sé do leanaí gan dídean. Mar gheall ar na gníomhartha atá ar siúl ag an FSS chun aghaidh a thabhairt ar na príomh-shaincheisteanna a ardaíodh, rinneadh cinneadh an t-ábhar imscrúdaithe agus rannpháirtíochta leis an FSS a choinneáil oscailte ar an dul chun cinn atá á dhéanamh fós agus a bhí ar siúl ag an am a ullmhaíodh an Tuarascáil Bhliantúil seo. Idir an dá linn, forchoimeádan an tOmbudsman do Leanaí an ceart aici féin chun dul ar aghaidh le himscrúdú ag am ar bith.

In éineacht lena rannpháirtíocht leis an FSS ar an gceist, rinne an tOmbudsman do Leanaí cinneadh tuairimí leanaí gan dídean a lorg d'fhonn tuiscint a fháil ar a gcuid eispéireas le seirbhísí idirghabhála dídine agus géarchéime. Tá tuilleadh eolais ar an bpróiseas comhairliúcháin seo ar fáil sa chuid den Tuarascáil Bhliantúil ina bpléitear obair Rannpháirtíochta agus Oideachais na hOifige in 2011.

Faisnéis Comhdhála Iata

Is fadhb ar leith í a bhíonn ag an Ombudsman do Leanaí agus í i mbun imscrúduithe reachtúla ar staid na leanaí faoi chúram soláthar faisnéise ag an FSS ina bhfuil imeachtaí cúirte bainteacha á reáchtáil i gcomhdháil iata. Ardaíodh é seo i dtuarascálacha bliantúla roimhe seo agus leanann sé de bheith fadhbach in 2011.

Ní théann formhór na ngearán chuig an Oifig seo ar aghaidh chuig imscrúdú iomlán reachtúil, ach tugtar aghaidh orthu ag an leibhéal áitiúil. Maidir le leanaí faoi chúram, d'fhéadfadh moill den sórt sin i soláthar eolais, ní hamháin cur isteach ar an bpróiseas gearán, ach an leanbh nó an duine óg a choinneáil ó réiteach níos tapa.

Aithníonn an Oifig seo an tábhacht a bhaineann le príobháideacht leanaí agus a dteaghlach a chosaint; ach níor chóir an rial comhdhála iata a oibriú ar bhealach a chuireann isteach ar imscrúduithe reachtúla a dhéantar ar mhaithe le leanaí agus ar shlí eile ná go poiblí. Ina comhairle ar an mBille Sláinte (Leasú) 2010, d'éiligh an Oifig seo athbhreithniú iomlán ar oibriú na rialach comhdhála iata agus, dá bhrí sin, is dea-scéal é gur chinn an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige an cheist seo a mheas ó foilsíodh tuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe Neamhspleách ar Bhás Leanaí.

Anailís um Chearta Leanaí ar Ráitis Imscrúduithe

Tá dualgas ar an Ombudsman do Leanaí a éilítear in Alt 7 d'Acht an Ombudsman do Leanaí 2002 feacht ar chúinsí a bhaineann le cearta agus leas leanaí a chur chun cinn. Áirítear leis seo prionsabail agus forálacha Choinbhinsiúin na NA ar Chearta an Linbh (CRC). Dá bhrí sin, tugann an Oifig aghaidh go minic ar chomhlíonadh an Stáit i dtaca le caighdeáin idirnáisiúnta den sórt sin ina fheidhmeanna beartais a chur i gcrích, faoi alt 7 d'Acht 2002, chun comhairle a chur ar Airí Rialtais agus ar Thithe an Oireachtais maidir le tograí reachtaíochta agus ar fhorbairt agus comhordú de bheartais a bhaineann le leanaí.

Ní thugtar údarás in Ailt 8 agus 9 d'Acht 2002 don Ombudsman do Leanaí a bhreithniú cibé an gcomhlíonann gníomhartha de chuid chomhlachta phoiblí atá faoi imscrúdú ionstraimí idirnáisiúnta chearta an duine a bhfuil an Stát páirteach iontu. Dá réir sin, níl measúnacht ar chomhlíonadh an chomhlachtaí phoiblí maidir le dualgais idirnáisiúnta an Stáit – mar atá i bprionsabail agus forálacha an CRC – mar chuid den phróiseas imscrúdaithe, as a dtiocfadh toradh drochriaracháin ina choinne.

D'fhonn dearcadh a fháil ar an gcuma a bheadh ar thabhairt le chéile na snáitheanna éagsúla den Acht 2002, choimisiúnaigh an Oifig tuarascáil ar shampla de chásanna ar a rinné sí imscrúdú. Rinne an tuarascáil measúnú ar cé chomh fhad is a chomhlíon gníomhartha na gcomhlachtaí poiblí lena mbaineann dualgais idirnáisiúnta an Stáit um chearta an duine. Chlúdaigh na himscrúduithe a roghnaíodh le cur sa tuarascáil raon leathan saincheisteanna, lena n-áirítear iompar scoile, leithdháileadh tithíochta an údaráis áitiúil, tacaíocht do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu i gcúram altrama, cúram speisialta, agus bás an linbh atá faoi chúram an Stáit.

Leag an tuarascáil, A Children's Rights Analysis of Investigations, a d'fhoilsigh an Oifig in Aibreán 2011, béim ar an mbealach a rinne, nó nach ndearna, na comhlachtaí poiblí atá i gceist, a gcuid feidhmeanna ar bhealach atá comhoiriúnach le dualgais idirnáisiúnta na hÉireann maidir le cearta an duine.

Chomh maith le béim a leagan ar pheirspictíochtaí cearta daonna níos leithne maidir leis na cásanna aonair, leag an tuarascáil roinnt comhthéamaí amach a tháinig chun solais, lena n-áirítear:

- easpa feasachta faoin thionchar na cinnteoireachta riaracháin ar shaol agus cearta na leanaí agus a dteaghlach;
- an teip paraiméadair de leas an linbh agus ceart an linbh guth a bheith acu a úsáid go mór chun treoir a thabhairt do ghníomhartha riaracháin nó cinnteoireacht;
- ba chosúil go raibh gnéithe eile chun tosaigh ar chinntiú go gcomhlíontar cearta agus leas na leanaí aonair;
- ba chosúil nach raibh mórán seiceálacha agus cothromaíochtaí bpróisis cinnteoireachta riaracháin, nó mórán meicníochtaí le dúshlán a chur faoin gcinneadh á dhéanamh nó an seasamh á ghlacadh
- léirigh cuid de na cásanna, nó fiú iad uile, easpa feasachta faoi riachtanais agus cearta leanaí aonair mar atá aitheanta ag ionstraimí idirnáisiúnta a bhfuil Éire páirteach iontu;
- i mórán cásanna, d'fhéadfadh an cás maidir le sárú féideartha ceart atá leagtha amach sa Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR) a dhéanamh agus ba chúis imní thromchúiseach é an easpa feasachta i measc údaráis riaracháin, go háirithe an FSS, i dtaca le dualgais ECHR;
- bhí an easpa ón bpróiseas cinnteoireachta maidir le feasacht ar cé chomh tapa is a dhéantar dochar do leanaí (trí gan oideachas a chur ar fáil dóibh, iad a scaradh ó thuismitheoirí, cúram a chur ar fáil dóibh, srl.) lom, mar a bhí an teip dealraitheach an gaol idir cinnteoireacht tráthúil agus dea-riaracháin a thuiscint,
- ba chóir go mbeadh oiliúint ar chearta leanaí mar thosaíocht ag na comhlachtaí poiblí – idir faoi na hionstraimí CRC agus ionstraimí gaolmhara agus an ECHR.

I dtreo dheireadh 2011, cuireadh tús le hobair ar ullmhú d'iniúchadh breise ar imscrúduithe agus críochnófar agus foilseofar é seo le linn 2012.

Cás-staidéir

Léiríonn na cás-staidéir sampla den obair a rinne an Oifig le linn na bliana.

Cás-staidéir Oideachais

Cás-staidéir 1

Chuir máthair an gearán chuig an Oifig ar son a mic, naoi mbliana d'aois ag an am sin, a d'fhreastail ar scoil náisiúnta phríomhshrutha. Tá roinnt deacrachtaí míochaine ag an leanbh i gceist a bhí aitheanta ag gairmithe a bhí ag obair leis. I measc na ndeacrachtaí bhí moill aois cnámha, teannas íseal matáin, hipear-shoghluasteacht, diospraicse agus carball scoilte. Cé go raibh na deacrachtaí leighis seo ag leanbh, níor aithníodh aon diagnóis ar leith. Bhain an gearán chuig an OCO le cinneadh na Roinne Oideachais agus Scileanna chun iarratas ar Theicneolaíocht Chúnta ar son an linbh a dhiúltú. Ba é thart ar €1000 an costas réamh-mheasta ar an Teicneolaíocht Chúnta (ríomhaire glúine agus bogearraí cuí). Rinneadh an t-iarratas le doiciméid tacaíochta ó réimse de ghairmithe leighis. Diúltaíodh an deontas ar an mbonn nach raibh aon diagnóis ar leith i leith an linbh. Mhaígh an gearánaí go raibh na saincheisteanna seo taobh thiar de dheacrachtaí a bhí ag a mac ar scoil, i dtaca le scríobh, tuirse, mion-chomhordú mótaí agus leibhéil tiúchana. Dúirt an Roinn go bhfuil an Scéim deartha chun teicneolaíocht a chur ar fáil do leanaí a bhfuil míchumas orthu a thacú agus é idirdhealaithe idir míchumas measúnaithe agus a riocht leighis.

Tar éis imscrúdaithe ag an Oifig chinn an OCO gur chosúil go raibh easpa soiléireachta idir na comhlachtaí i gceist – An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) ar thaobh amháin agus an Roinn Oideachais agus Scileanna ar an taobh eile – maidir le freagracht as cinnteoireacht faoin scéim ábhartha, an bheirt acu ag creidiúint go raibh an comhlacht eile ina dhéantóir cinntí. Níl aon phróiseas soiléir achomhairc chun dúshlán a chur faoi chinntí a rinneadh. Ba chosúil nach raibh an Roinn ag déanamh monatóireachta ar chur i bhfeidhm a beartais ag an NCSE. Chuir an easpa soiléireachta seo isteach go mór ar an leanbh i gceist. Sa chás áirithe seo ní raibh an duine óg incháilithe le haghaidh teicneolaíochta cúnta ar an mbonn, cé gur thuig an Roinn go raibh comhartha láidir ann go raibh míchumas fisiciúil air, nach raibh diagnóis chinnte de mhíchumas aige.

Mar thoradh air sin, mhol an Oifig, i measc rudaí eile, go ndéanfadh an Roinn na nithe seo a leanas:

- Cuimsiú réasúnta sa Scéim leanaí nach féidir diagnóis leighis ar leith a chinneadh go héasca ina leith, ach d'fhéadfadh a gcuid oideachais a bheith bactha mar gheall ar dheacrachtaí suntasacha leighis;
- Próiseas achomhairc faoin Scéim a sholáthar a chuirtear in iúl go soiléir do scoileanna agus do theaghlaigh, agus
- Meicníochtaí éifeachtacha a sholáthar chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na Scéime.

Ba chóir don Roinn a chinntiú go gcuirtear eolas soiléir agus cuimsitheach faoin Scéim agus faoina critéir incháilitheachta in iúl do scoileanna agus tuismitheoirí.

Agus na ceisteanna seo á chinneadh, mhol an tOmbudsman do Leanaí go soláthrófaí an teicneolaíocht riachtanach chúnta don leanbh i gceist.

Tar éis idirghabháil na hOifige d'iarr an Roinn ar Eagraí Riachtanas Speisialta an NCSE athbhreithniú a dhéanamh ar an tacaíocht atá ar fáil don leanbh faoi láthair agus comhairle a thabhairt maidir le cibé an bhfuil aon tacaíocht bhreise ag teastáil. Dheimhnigh an Roinn freisin go bhfuil athbhreithniú ar an scéim teicneolaíochta cúnta ar siúl agus go gcuirfear Ciorclán nua ar an scéim ar fáil. Tá sé beartaithe go soláthróidh an Imlitir nua le haghaidh cásanna mar iad siúd thuas nuair nach bhfuil aon diagnóis ann, ach gur léir go bhfuil riachtanais speisialta ag an leanbh.

Cás-staidéar 2

Chuir tuismitheoirí roinnt gearán chuig an Oifig ar son a leanaí a bhí ag freastal ar Scoil Speisialta, nó a bhí le tosú ar Scoil Speisialta i Meán Fómhair 2011. Bhain na gearáin leis an gcinneadh a rinne an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) chun leithdháileadh na gCúntóirí Riachtanas Speisialta (CRS) ar an scoil a laghdú. Chinn an scoil nach mbeadh sí in ann riachtanais oideachais na leanaí a chomhlíonadh agus, mar thoradh air sin, chuaigh siad i dteagmháil le tuismitheoirí roimh thús na scoilbhliana a bhí le teacht, ag laghdú an chláir ama go mór do roinnt daltaí agus ag cur in iúl nach raibh siad in ann aon uaireanta a chur ar fáil do dhaoine eile.

Cé nach bhfuil gníomhartha an NCSE laistigh dá théarmaí tagartha imscrúdaithe faoi láthair, bhí imní ar an Oifig seo maidir leis an tionchar a bheadh aige seo ar oideachas na leanaí agus chomh maith leis sin an phleanáil agus ullmhúchán cúlra a bhíonn le déanaí i gcónaí ag teaghlaigh sna himthosca sin. Bhí imní ar an Oifig go raibh na leanaí agus a dteaghlaigh i lár ceist acmhainní nach raibh baint acu leis, ach a raibh tionchar díreach aige orthu.

Chuaigh an Oifig i dteagmháil leis an scoil chun a fháil amach conas a rinne sí na laghduithe SNA, an plé leis an NCSE, agus an Roinn Oideachais agus Scileanna a bhainistiú maidir leis an ábhar seo. Léirigh an idirghabháil seo príomhbhéim na hOifige maidir le réiteach áitiúil ar aon ghearán nó imní a chur chun cinn nuair is féidir agus is cuí.

Tar éis idirghabháil na hOifige seo tharla plé áitiúil idir na páirtithe ábhartha, agus thug an NCSE leithdháileadh SNA méadaithe. Mar thoradh ar an bhforbairt seo, is é tuiscint na hOifige go raibh na leanaí go léir atá i gceist cláraithe gan srian ar uaireanta scoile. Tá an Oifig ag glacadh beart chun go mbeadh Acht an Ombudsman do Leanaí 2002 leathnaithe leis an NCSE a chur san áireamh ina shainchúram. Déanfar tuilleadh oibre air seo go luath in 2012.

Cás-staidéar 3

Fuarthas gearán ó mháthair thar ceann a iníne a bhfuil Siondróm Down uirthi, agus atá faoi mhíchumas intleachtúil agus lagamhairc freisin. D'ardaigh sí imní nach mbeadh a hiníon, faoi chleachtas na Roinne Oideachais agus Scileanna, in ann Clár Lucht Fágála Scoile dhá bhliain sa scoil speisialta a raibh sí ag freastal uirthi a dhéanamh ar an mbonn gur bhain sí ocht mbliana déag amach ar na mallaibh. Mhaígh an mháthair go raibh nós imeachta na Roinne míchothrom do dhaoine óga a bhfuil riachtanais speisialta acu de thairbhe go mbeadh a hiníon in ann a cuid oideachais a dhéanamh mura raibh riachtanais speisialta aici, fiú dá mbainfeadh sí ocht mbliana déag d'aois amach. Mhaígh sí go mbeadh an dara bliain den chlár cabhrach dá hiníon san aistriú chuig lárionad oiliúna. Bhí an fhoireann ghairmiúil sa scoil den tuairim go mbeadh tógáil amach as an scoil suaiteach don chailín agus bhí imní ar a máthair faoin easpa tacaíochta idirthréimhsí dá hiníon, a chlúdaítear de ghnáth sa dara bliain den chlár.

Chuaigh an Oifig i dteagmháil leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, a thug comhairle go bhfuil oideachas ar fáil do pháistí i scoileanna speisialta suas go dtí 18 mbliana d'aois. Mar sin féin, is é beartas na Roinne freastal leantach ar scoil speisialta a éascú do leanaí go ceann bliana eile tar éis lá breithe an mhic léinn, i gcúinsí áirithe. Faoi réir iarratais chuig an Roinn, tá cead ag scoileanna daltaí a choinneáil atá os cionn 18 mbliana d'aois agus a bhfuil cúrsaí á ndéanamh acu as a dtagann creidiúnú ag an leibhéal 3 nó os a chionn ar an gCreat Náisiúnta na gCáilíochtaí (NQF) go ceann bliana breise, nuair a bhíonn siad ag dul ar aghaidh chuig bliain dheiridh an chúrsa agus nuair a thosaigh siad ar an gcúrsa sular bhain siad 18 mbliana d'aois amach. Sa chás seo, chuir na tuismitheoirí in iúl nach raibh a n-iníon chomh fada ar aghaidh le céim ina mbeadh sí in ann cúrsa a dhéanamh as a dtiocfadh leibhéal 3 nó os a chionn den NQF.

Tar éis idirghabháil na hOifige, rinne an Roinn Oideachais agus Scileanna athbhreithniú ar iarratas ón scoil ar son an chailín. Mar thoradh air sin, chuir an Roinn in iúl go raibh cinneadh déanta aici chun ligean di clárú le haghaidh scoilbhliana 2011/12 d'fhonn a haistriú go dtí seirbhísí do dhaoine fásta a éascú agus a chríochnú. Spreag an Oifig an Roinn chun a chinntiú go ndéantar gach iarratas a mheasúnú ar bhealach pras agus go gcuirtear tuismitheoirí ar an eolas maidir leis sin. Thug an Oifig faoi deara freisin, cé gur shlánaigh an duine óg sa chás seo an lán-aois, rinneadh an cinneadh chun ligean di clárú i gclár dhá bhliain roimhe seo agus, dá bhrí sin, tá an Roinn ag tabhairt breithnithe cuí ar leas an duine óig sa chás seo trí chead a thabhairt di dara bliain an chlár a dhéanamh.

Cás-staidéar 4

Chuaigh tuismitheoir linbh a bhfuil diagnóis huathachais agus patrún taoma neamhrialaithe aige i dteagmháil leis an Oifig maidir le heaspa iompar scoile don leanbh. Dúirt an tuismitheoir go raibh idir an scoil agus an Roinn Oideachais agus Scileanna den tuairim go raibh an leanbh incháilithe d'iompar scoile ach ní raibh an leanbh ag úsáid na seirbhíse mar gheall ar shaincheisteanna a bhaineann le freagracht leanúnach agus na hacmhainní atá i gceist maidir leis an gcoimhdeacht bus

Ar scrúdú ar an gcás, fuair an Oifig amach go raibh an leanbh mar chuid de ghrúpa leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu a bhí atreoraithe chuig an scoil ag an NCSE. Bhí deacrachtaí ann ina dhiaidh seo maidir leis an iompar scoile curtha ar fáil do na leanaí seo toisc gur sholáthair Enable Ireland an tseirbhís seo go stairiúil sa scoil faoi leith.

Ina freagra, dúirt an scoil gur aontaigh sí na seirbhísí coimhdeachta bus a ghlacadh ó Enable Ireland agus go raibh bearta déanta aici i dtaca leis seo chun sásamh a thabhairt do na leanaí lena i gceist.

D’admhaigh an Roinn an cheist a tháinig chun cinn maidir le fostaíocht choimhdeachta ag an scoil don tseirbhís iompair cheadaithe.

I ndiaidh idirghabháil na hOifige, thug an Roinn deontas iompair do thuismitheoir an linbh ar feitheamh réiteach na ceiste do na laethanta a d’fhreastail an páiste ar an scoil ó thús na scoilbliana 2010/2011.

Cás-staidéar 5

Bhain an gearán a cuireadh chuig an Oifig le diúltú iar-bhunscoile do dhuine óg a chlárú. Mhaígh an gearánach, a máthair, gur diúltaíodh í ar dtús de thairbhe go raibh an cailín ag iompar clainne agus ina dhiaidh sin de thairbhe go raibh sí ina máthair shingil.

D’fhreastail an duine óg ar dhá iar-bhunscoil roimhe seo, ag aistriú ó cheann amháin tar éis di an Teastas Sóisearach a dhéanamh, agus an ceann eile toisc nach raibh sí socraithe inti. Nuair a fuair sí amach go raibh sí ag iompar clainne shocraigh sí ansin filleadh ar scoil. Chuaigh sí i dteagmháil leis an scoil agus tugadh foirm chlárúithe di agus faisnéis maidir le rogha ábhar agus an éide. Ghlac sí leis gur glacadh í. Ag an am céanna, chuaigh a máthair i dteagmháil leis an scoil chun cur in iúl di go raibh an cailín ag iompar clainne. Chuir Príomhoide na scoile in iúl di ina dhiaidh sin nach nglacfaidís í de thairbhe go raibh sí ag iompar clainne.

Chláraigh an duine óg i scoil eile ar feadh ré a toirchis agus nuair a rugadh a leanbh rinne sí iarracht clárú sa scoil arís lena hArdteist a dhéanamh. Cuireadh in iúl di arís nach nglacann an scoil máithreacha singil.

Tar éis cinneadh a dhéanamh an scéal a fhiosrú, scríobh an tOmbudsman do Leanaí chuig an Scoil le faisnéis ábhartha a iarraidh ar an ábhar faoi imscrúdú, lena n-áirítear a beartas clárúcháin, a nós imeachta gearán, sonraí maidir leis an struchtúr bainistíochta agus cóipeanna de chomhfhreagras ábhartha. Níor chuir an scoil aon fhaisnéis a d’iarradh ar fáil. Níor tharla cruinniú a d’iarradh le hionadaithe na scoile.

Tar éis a imscrúdaithe, dhearbhaigh an Oifig nach bhfuil beartas clárúcháin scríofa ag an Scoil; bhí a cinneadh an duine óg a dhiúltú sa chás seo bunaithe ar éiteas na scoile; mar gheall ar dhiúltú na scoile an duine óg a chlárú toisc go raibh sí ag iompar clainne agus ansin toisc go raibh sí ina máthair shingil, caitheadh go neamhfhabhrach léi agus d’fhulaing sí idirdhealú ar fhoras a stádais teaghlaigh.

Níl Bord Bainistíochta ag an scoil agus feidhmíonn duine amháin mar úinéir, bainisteoir agus pátrún na scoile. Mar thoradh air sin, níl aon scóip do chinneadh neamhspleách maidir le

gearán ó chinneadh iontráil sa scoil a dhiúltú, rud a fhágann go bhfuil easpa de phróiseas cothrom agus neamhchlaonta chun aghaidh a thabhairt ar aon ghearán.

Cuireann an Roinn Oideachais agus Scileanna maoiniú agus treoir bheartais ar fáil do scoileanna, ach níl aon chumhachtaí dlíthiúla aici éileamh ar dhaoine aonair cúrsa áirithe a leanúint maidir le gearáin aonair. Níl aon nósanna imeachta forordaithe faoi alt 28 den Acht Oideachais 1998, agus mar thoradh air sin, níl aon phróiseas gearán caighdeánaithe i scoileanna.

Tásé dearbhaithe ag an Oifig go bhfuil obair leanúnach ag dul ar aghaidh sa Roinn Oideachais agus Scileanna chun bonn reachtúil a sholáthar trínar féidir a chinntiú níos fearr go bhfuil beartais chlárúcháin scoileanna neamh-idirdhealaitheach. Is léir ón imscrúdú seo go bhfuil nósanna imeachta rialúcháin feabhsaithe den sórt sin riachtanach.

Rinne an Oifig seo moltaí go díreach chuig an scoil i ndáil lena beartas clárúcháin agus iontrálacha, agus mhol sí freisin don scoil scríobh chuig an duine óg i gceist le haitheantas a thabhairt dá heispéireas dtaca le gníomhartha na scoile agus le leithscéal a ghabháil as an dóigh ar caitheadh léi.

Mhol an Oifig freisin gur chóir don Roinn Oideachais agus Scileanna iniúchadh ar an Scoil a chur i bhfeidhm chun meastóireacht a dhéanamh ar bheartais na scoile, go sonrach nósanna imeachta clárúcháin/iontrála agus gearán agus chun an struchtúr bainistíochta a athbhreithniú lena n-áirítear saincheistanna freagrachta agus rialachais maidir le gearáin agus achomhairc. Ba chóir don Roinn machnamh a dhéanamh ar na nithe a ardaíodh san imscrúdú seo ina breithniú ar an gcreat rialála atá beartaithe le haghaidh clárú scoile.

I ndiaidh idirghabháil na hOifige, gheall an Roinn Oideachais agus Scileanna treoirlínte daingne agus soiléire a thabhairt ar aghaidh i ndáil le beartais iontrálacha. Gheall siad freisin go ndéanfaí iniúchadh breise ar an scoil atá i gceist a luaithe is féidir.

Ag tráth an fhoilsithe ní raibh leithscéal eisithe ag an scoil chuig an duine óg lena mbaineann. Tá tiomantas poiblí déanta ag an Aire Oideachais, áfach, maidir le reachtaíocht um chlárú a thabhairt isteach. Ina theannta sin, rinne Cigireacht na Roinne Oideachais dhá chigireacht gan fhógra ar an scoil.

Cás-Staidéir Sláinte

Cás-staidéar 1

Rinne tuismitheoirí de chailín ceithre bliana d'aois a bhfuil fadhbanna suntasacha mótaí aice a bhfuil diagnóis i gcomhréir le Pairilis Cheirbreach mar thoradh air sin an gearán seo leis an Oifig. Rinneadh iarratas ar chathaoir rothaí cumhachta chuig an FSS, ach diúltaíodh é. Chuir Oifig Sláinte Áitiúil an FSS in iúl do na tuismitheoirí a mbeartas nach soláthraíonn siad cathaoireacha rothaí cumhachta do leanaí níos óige ná seacht mbliana d'aois.

Le linn an imscrúdaithe, dhearbhaigh an tOmbudsman do Leanaí nach bhfuil aon bheartas náisiúnta nó treoirlínte maidir le soláthar de threalamh teiripe saothair, lena n-áirítear cathaoireacha rothaí cumhachta do leanaí. Forbraíonn gach Oifig Sláinte Áitiúil a nósanna imeachta nó treoirlínte féin, tá a mbuiséad féin acu agus déanann siad measúnú ar iarratais de

réir riachtanais an cheantair nó a dtosaíochtaí féin. Mar sin féin, i gcomhfhreagras leis OCO, chuir an FSS in iúl gur bhunaigh Líonrá Éireann um Staidiúir agus Soghluaisteacht – grúpa de dhaoine gairmiúla ag obair sa réimse – foghrúpa i bhFeabhra 2010 chun treoirlínte deachleachtais ar shoghluaisteacht chumhtachta a fhorbairt.

Tar éis an chinnidh thosaigh i dtaca le cathaoir rothaí cumhachta a dhiúltú don leanbh, rinneadh athbhreithnithe air seo ina dhiaidh sin. Mar sin féin, bhí sé seo doiciméadaithe go dona. Lorgaíodh comhairle ó thriúr gairmithe, beirt acu nach raibh sonraí an cháis acu.

I ndiaidh a himscrúdaithe, mhol an Oifig go ndéanfadh an FSS athbhreithniú go luath agus go hiomlán úr ar an gcás bunaithe ar fhaisnéis iomlán lena n-áirítear an fhianaise thaighde sa réimse agus measúnú ar chumas an linbh lena n-áirítear aithint na mbeart is féidir a ghlacadh lena gcumais a neartú. Mhol an Oifig freisin:

- Gur chóir do bheartais agus cinntí FSS aitheantas cuí a thabhairt do thréimhsí feithimh a d'fhéadfadh a theacht chun cinn i soláthar iarbhír nó i dtacaíocht, ag brath ar an leibhéal tosaíochta in aon chás áirithe;
- Go mbrostaíonn an FSS an obair i gcomhar le Líonrá Éireann um Staidiúir agus Soghluaisteacht, chun treoirlínte náisiúnta a fhorbairt maidir le soláthar cathaoireacha rothaí cumhachta do leanaí;
- Go ndéanann an FSS gach beart is gá chun critéir shoiléir agus treoir shoiléir a bhunú chun comhsheasmhacht a bhaint amach ar thaobh Oifigí Sláinte Áitiúla i ndáil le próiseáil na n-iarratas agus na n-achomharc i gcásanna a bhaineann le hinfhaighteacht cathaoireacha rothaí cumhachta do leanaí.

Tar éis torthaí agus moltaí an OCO a mheas, lena n-áirítear cumarsáid dhíreach leis an leanbh i gceist, rinne an FSS athbhreithniú ar imthosca áirithe an linbh, bhuail siad leis an leanbh agus an teaghlach agus, ina dhiaidh sin, cuireadh cathaoir rothaí cumhachta ar fáil. Ina theannta sin, dúirt an FSS gur cuireadh Coiste Náisiúnta ar bun leis an aidhm beartais náisiúnta a chomhaontú i dtaca le húsáid cathaoireacha rothaí cumhachta, rud a chinnteodh cothromas idir gach úsáideoir seirbhíse. Bhí an Coiste Náisiúnta ag súil le tuarascáil ar an ábhar seo a eisiúint faoin earrach 2012, agus bíonn an OCO fós i gcomhfhreagras leis an FSS maidir leis seo.

Cás-staidéar 2

Fuair an Oifig gearán ó mháthair maidir le teip líomhnaithe ag an FSS maidir le seirbhísí a sholáthar do bheirt leanaí a diagnóisíodh le Neamhord Hipirghníomhaíochta Easnamh Airde agus Neamhord Greannach Freasúraíoch. Chuir an gearánach in iúl gur scríobh sí chuig an Roinn áitiúil Síciatrachta Leanaí agus Ógánach ag lorg seirbhísí teiripeacha roinnt uaireanta agus ní bhfuair sí freagra sásúil.

Trína himscrúdú, shainnigh an Oifig gur tairgeadh seirbhís den chéad uair don leanbh is sine 27 mí tar éis tarchurtha. Diúltaíodh é seo mar, de thairbhe fhad na tréimhse feithimh le haghaidh seirbhíse, lorg an mháthair seirbhísí príobháideacha. Roinnt míonna ina dhiaidh sin, bhí an bheirt leanaí ath-tharchurtha ag an gcleachtóir príobháideach, agus ag an am dúirt

an FSS gur cuireadh ar fionraí an liosta feithimh maidir le measúnuithe rialta i Márta 2008, agus nach raibh an leanbh níos sine in ann leas a bhaint as seirbhís trí Shíciatracht Leanaí agus Ógánach mar go raibh 16 bliana d’aois slánaithe aici.

Thug an FSS le fios go raibh an cinneadh chun an liosta feithimh a chur ar fionraí mar gheall ar mhéadú ar chásanna tarchurtha agus easpa acmhainní chun freagra a thabhairt orthu. Thug an FSS le fios freisin gur mar gheall ar easpa áiseanna d’othair chónaithe do leanaí a chuirtear ionchur dian ar fáil dóibh siúd i gcúinsí éigeandála chun leanaí a chur isteach i mbardaí do dhaoine fásta a chosc. Bhí an liosta feithimh do mheasúnuithe rialta dúnta ar feadh beagnach 3 bliana, gan ach seirbhísí malartacha teoranta ar fáil agus an tseirbhís síceolaíochta in ann roinnt ionchur a sholáthar.

Le linn an imscrúdaithe tairgeadh tarchur chuig seirbhísí áitiúla pobail síceolaíochta don teaghlach, agus glacadh bearta chun an liosta feithimh a athoscailt. Rinneadh cinneadh síciatraí locum a fhostú chun measúnaithe a chur ar fáil do gach leanbh, beag beann ar aois, a bhí atreoraithe ach nach raibh in ann leas a bhaint as an tseirbhís nuair a bhí an liosta feithimh dúnta. Tairgeadh seirbhís don bheirt daoine óga tríd an tionscnamh seo.

Scríobh an Oifig chuig FSS Náisiúnta chun aird a tharraingt ar imní atá ann maidir le dúnadh an liosta feithimh sa limistéar lena mbaineann agus leagadh béim freisin gur cuireadh gearán den chineál céanna ar aghaidh chuig an Oifig ó réimse eile, ach réitíodh é ina dhiaidh sin nuair a athosclaíodh an liosta feithimh. Sa réimse sin, bhí an liosta feithimh dúnta ar feadh tréimhse de níos mó ná 2 bhliain.

Tar éis moltaí na hOifige a fháil d’fhreagair FSS náisiúnta mar go bhfuil ceisteanna foirne níos ísle ná iad atá molta ag Fís le haghaidh Athraithe “tá soláthar seirbhísí teorainneacha go dosheachata nó go bhfuil rochtain moillithe”. Bheadh acmhainní breise ag teastáil chun feabhas a chur ar an tseirbhís.

I ndáil le leorgacht na seirbhísí do dhaoine 16/17 mbliana d’aois – tá Meabhairshláinte Náisiúnta i dteagmháil Leis an Stiúrthóir Náisiúnta do Leanaí agus Seirbhísí Teaghlaiigh agus tá ráiteas á lorg acu ó gach réigiún/dobharcheantar leathan ar an gcaoi a bhfuil seirbhísí á soláthar do dhaoine óga idir 16/17 mbliana d’aois.

De thairbhe gur bhain saincheisteanna a ardaíodh tríd an imscrúdú le saincheisteanna oibríochtúla maidir le seirbhísí sa réimse sin – cuireadh é chuig an Stiúrthóir Réigiúnach Oibríochtaí don cheantar sin.

Cás-staidéar 3

Fuarthas gearán ó mháthair thar ceann a mic atá bliain d’aois a bhfuil riachtanais leighis aige agus a bhí ina chónaí in ospidéal ar feadh tréimhse shuntasach dá shaoil. Bhain an gearán le hiarratas ar phacáiste cúram baile a bhí diúltaithe ag an FSS, cé gur chuir na tuismitheoirí in iúl go raibh an leanbh oiriúnach le haghaidh scaoilte amach ón ospidéal ar feadh roinnt míonna.

Tar éis idirghabháil na hOifige, chuir an FSS in iúl di go raibh Pacáiste Cúram Baile aontaithe agus go raibh an fhoireann ábhartha á hoiliúint chun freastal ar riachtanais shonracha baile an linbh. Bhí an leanbh in ann fillleadh abhaile go luath tar éis idirghabháil na hOifige.

Cás-staidéar 4

Chuaigh cailín 17 mbliana d'aois a bhí gan dídean i dteagmháil leis an Oifig, cailín a bhí gan tacaíocht teaghlaigh agus a raibh tacaíochtaí aici ón FSS faoi Alt 5 den Acht um Chúram Leanaí, 1991.

Ba iad cúinsí an duine óig seo go raibh sí ag streachailt le freastal ar scoil chomh maith leis na héilimh le fostaíocht a choinneáil le soláthar di féin. Ós rud é gur chinn an FSS nach raibh riachtanas ann an duine óg seo a bheith faoi Chúram, ní raibh sí i dteideal na tacaíochta atá ar fáil do dhaoine óga atá faoi chúram Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Mar sin féin, tar éis imeachtaí cúirte a rinneadh thar ceann an duine óig, gheall an FSS tacaíocht airgeadais a sholáthar go dtí go mbeadh sí 18 mbliana d'aois.

Bhain na hábhair a ardaíodh le soláthar de thacaíocht nuair a shlánaíonn an duine óg 18 mbliana d'aois, go sonrach agus í ag déanamh a scrúduithe Ardeistiméireachta. Chuaigh an Oifig i dteagmháil leis an FSS a thug comhairle go mbeadh an síneadh de thacaíocht comhaontaithe, ar bhonn aonuaire, go dtí go gcríochnódh an duine óg a scrúduithe.

Bhí moill de roinnt míonna i dtaca leis an tacaíocht airgeadais a fháil don duine óg. Réitíodh é seo tar éis teagmhála ón Oifig. Ina theannta sin, d'ardaigh an duine óg inní nach raibh an fhaisnéis is gá curtha ar fáil ag an FSS chun tacú lena hiarratas ar an scéim um Bealach Rochtana Ardoideachais (HEAR) a ligeann do dhaoine óga a bhfuil cúlraí faoi mhíbhuntáiste áirithe acu dul isteach in oideachas 3ú leibhéal ar bhonn na bpointí laghdaithe i bhfianaise a gcúinsí aitheanta. Tar éis uiríoll ag an duine óg, ag a dlíodóir, agus teagmháil ón Oifig, sholáthair an FSS an fhaisnéis riachtanach.

Tar éis idirghabháil na hOifige, cé gur baineadh sásamh amach don duine óg maidir leis na deacrachtaí ar leith a bhí aici, shainaithin an Oifig roinnt ábhair inní i dtaca le láimhseáil an cháis, agus cuireadh in iúl iad don FSS chomh maith le roinnt moltaí.

Ina freagra, dúirt an FSS athuair nach raibh an duine óg faoi chúram an FSS agus gur aontaigh an FSS cóiríocht a chur ar fáil di suas go mbeadh sí 18 mbliana d'aois chomh maith le pacáiste tacaíocht airgeadais chun ligean di a cuid oideachais mheánscoile a dhéanamh. Bhí an FSS den tuairim go léiríonn na gníomhartha seo leas an FSS a bheith solúbtha agus tuisceanach ar riachtanais an duine óig seo agus ar mhaithe léi.

Cás-Staidéar Thithíocht an Údarás Áitiúil

Rinne máthair teagmháil leis an Oifig thar ceann a beirt mhac, a aithníodh go bhfuil Neamhord de chuid Speictream an Uathachais agus Neamhord Hipirghníomhaíochta Easnamh Airde orthu. Bhain an gearán le heaspa freagartha ón Údarás Áitiúil maidir le hiarratas ar stádas tosaíochta i leith aistriú tithíochta, ar thacaigh moltaí ó ghairmithe míochaine leis.

Chuaigh an Oifig i dteagmháil leis an Údarás Áitiúil a chomhairligh, i gcomhréir le Scéim na Comhairle um Thosaíochtaí Ligin, nach raibh an tionónta incháilithe le hiarratas a dhéanamh ar aistriú go cóiríocht mhalartach toisc nár chónaigh an teaghlach ina theach cónaithe reatha ar feadh dhá bhliain ar a laghad.

Mar thoradh ar idirghabháil na hOifige, áfach, chomhairligh an tÚdarás Áitiúil go ndéanfadh an Príomh-Oifigeach Míochaine an doiciméadúchán míochaine a chuir an gearánach isteach a bhreithniú. Tar éis an cás seo a athbhreithniú, dheonaigh an tÚdarás Áitiúil iarratas na máthar ar thosaíocht ar chóiríocht trí sheomra leapa i gceantar sainithe.

Cás-Staidéar na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige

Fuair an Oifig gearán ó mháthair linbh atá faoi ollbhodhaire agus a fuair faisnéis dhíreach ó Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige (an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige anois) trínar cheap sí go mbeadh an deis ag a leanbh leas a bhaint as dara bliain na Scéime um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige. Shonraigh an mháthair gur phleanáil sí oideachas a hiníne ar bhonn na cumarsáide agus an ionchais sin. Mar sin féin, chuir an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige in iúl di ina dhiaidh sin nach raibh an ghné sin den scéim ar fáil a thuilleadh.

Ina bhfreagairt don Oifig, chomhairligh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige go raibh fáil ar an dara bliain den scéim beartaithe do ghrúpa teoranta leanaí – leanaí a bhfuil dianriachtanais acu agus a bhain leas as an scéim ar feadh tréimhse níos gairide le linn na chéad bhliana oibriúcháin den Scéim um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige, a mhair timpeall ar 6 mhí ó mhí Eanáir 2010. Ghlac an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige leis gurbh fhéidir míchiall a bhaint as an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil don mháthair agus, dá bhrí sin, tháinig sí ar ionchas go bhféadfadh a leanbh leas a bhaint as an dara bliain de réamhscolaíocht shaor in aisce. Tar éis idirghabháil na hOifige seo, chomhaontaigh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige dara bliain tacaíochta a chur ar fáil faoin scéim don leanbh ar bhonn pro rata – ar feadh dhá lá nó trí lá sa tseachtain.

Leasaigh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige freisin a cumarsáidí poiblí lena seasamh ar an ngné seo den scéim a fheabhsú agus a shoiléiriú i ndáil le hiarratasóirí sa todhchaí. Chomh maith leis sin, thug an Oifig seo spreagadh don Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige plé a dhéanamh ar aon chásanna cosúla agus aghaidh a thabhairt orthu a d'fhéadfadh teacht i láthair mar thoradh ar leibhéal na cumarsáide a tharla roimhe sa tréimhse ama sin.

Athrú Córasach a Chur Chun Cinn

Mar a cuireadh in iúl ní ba luaithe, is minic a bhíonn impleachtaí ag obair na hOifige i bhfiosrú gearán a théann níos faide anonn ná an cás aonair lena raibh gá le hidirghabháil na hOifige. Is féidir le torthaí agus moltaí a thagann as eispéireas linbh aonair nó teaghlai gh aonair a fhiosrú an gá le hathrú a fhéadann freastal ar leasanna cuid mhór leanaí isteach sa todhchaí a shainaithint.

Is féidir tásca faoi nádúr agus raon feidhme tábhachtach idirghabhálacha na hOifige in 2011, dírithe ar fheabhsuithe forleathana a bhaint amach sa soláthar seirbhísí do leanaí agus comhlachtaí poiblí, a fheiceáil i samplaí de mholtaí a rinne an tOmbudsman do Leanaí maidir le hathrú córasach.

(i) Moltaí maidir le hAthrú Córasach

An Roinn Oideachais agus Scileanna – Iarratais ar Iompar Scoile do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu

Rinneadh na moltaí seo a leanas don Roinn chun tuilleadh soiléireachta agus follasachta a chur leis na socruithe reatha:

- Ba cheart don Roinn féachaint ar an dóigh a bhféadfaí córas níos cuimsithí agus níos follasaí maidir le hiarratais ar iompar scoile a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear ról na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta agus a hEagraithe Riachtanas Speisialta Oideachais (SENO) agus sainchúram an Bhoird Achomhairc um Iompar Scoile. Ba cheart na nithe seo a leanas a bhreithniú go háirithe:
 - an dóigh a mbreithnítear leasanna is fearr an linbh sa phróiseas cinnteoireachta a thaispeáint;
 - athbhreithniú ar an bhfoirm iarratais le go gcuirfear san áireamh inti gach cúrsa a bhfuil tábhacht ábhartha aige i ndáil le cumas an linbh páirt a ghlacadh ina oideachas/ ina hoideachas;
 - athbhreithniú a dhéanamh ar an treoir atá ar fáil don Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta ar na tosca a mheasfar in iarratas; agus
 - féachaint ar an dóigh a bhféadfaí próiseas achomhairc níos cuimsithí a bhaint amach a théann níos faide ná féachaint ar an gcúrsa a bhaineann le comhlíonadh na riachtanas teicniúil ach a éascaíonn athbhreithniú ar fhiúntais ar leith d'achomharc.
- Ba cheart don Ghrúpa Idir-Rannach a bunaíodh luathú a dhéanamh ar obair le feabhas a chur ar chomhordú agus ar chomhoibriú idir na hearnálacha sláinte agus oideachais le linn pleanála d'oideachas linbh, soláthar iompar scoile do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu san áireamh; agus
- Ba cheart plé a dhéanamh ar an timthriall pleanála agus ar thráthúlacht na gcinntí i ndáil le hiompar scoile d'fhonn dóthain ama a éascú le haghaidh pleanáil oideachais do leanaí maidir lena socrúchán scoile, an phleanáil le haghaidh tacaíocht oideachais speisialta san áireamh.

An Roinn Oideachais agus Scileanna – Iarratais ar Theicneolaíocht Chúnta

Rinneadh na moltaí seo a leanas chun tuilleadh soiléireachta, agus roinnt solúbthachta breise iomchuí, a chur le scéim tacaíochta atá ann cheana:

- Ba cheart don Roinn, ina ról i mbeartas a shocrú le haghaidh riarachán na Scéime um Theicneolaíocht Chúnta, treoir agus doiciméid bheartais atá soiléir agus conclúideach a fhorbairt. Ba cheart don Roinn cur i gcrích agus eisiúint a ciorcláin bheartaithe nua a shocrú ag dáta luath d'fhonn foráil a dhéanamh do na nithe seo:
 - soiléireacht maidir leis an bpróiseas cinnteoireachta agus le freagrachtaí faoi seach na Roinne agus na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta ina leith seo;

- cuimsiú réasúnta na leanaí sin nach féidir diagnóis mhíochaine shonrach a chinneadh go réidh ina leith, ach a bhféadfadh deacrachtaí suntasacha míochaine bac a chur ar a gcuid oideachais;
 - próiseas achomhairc; agus
 - meicníochtaí éifeachtacha le faireachán a dhéanamh ar oibriú na scéime.
- Ba cheart don Roinn bearta a dhéanamh, de réir mar is cuí, lena chinntiú go bhféadann údaráis scoile agus tuismitheoirí ar mian leo iarratas a dhéanamh ar theicneolaíocht chúnta teacht ar fhaisnéis shoiléir chomhlán maidir leis na critéir incháilitheachta le haghaidh tacaíocht a dheonú faoin Scéim um Theicneolaíocht Chúnta.

FSS – Leanáí faoi chúram ar tuismitheoirí iad féin

Is iad seo a leanas na príomh-mholtaí a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais áirithe sna cásanna sin:

- Ba cheart do FSS Náisiúnta athbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí atá ar fáil do dhaoine óga faoi chúram FSS a bhfuil a leanbh acu féin, lena n-áirítear measúnú ar na seirbhísí atá ar fáil, ar a bhfuil ag teastáil, agus ráiteas cuspóra agus aidhme;
- Ba cheart treoir náisiúnta a fhorbairt i ndáil leis an bpróiseas measúnaithe a leanfaidh FSS; lena n-áirítear an creat measúnaithe a úsáidfear, amlínte soiléire lena chur i gcrích, agus tuairiscí measúnaithe scríofa a chomhlánófar; agus
- Ba cheart plé a dhéanamh ag leibhéal FSS Náisiúnta ar bheartas agus ar nós imeachta i gcás ina bhfuil a bhabaí féin ag leanbh faoina cúram d’fhonn a áirithiú go gcomhlíonfar riachtanais aonair gach linbh, lena n-áirítear na seirbhísí atá ar fáil, beartas agus nósanna imeachta a bhaineann le measúnú ar a gcuid riachtanas agus chun tacú le cuairteanna ag leibhéal ina gcuirtear comrádaíocht chun cinn chun críche athaontaithe.

FSS – Pleanáil Chúraim

Bhí na nithe seo a leanas ar na moltaí a rinneadh le cleachtas sa réimse seo a neartú:

- I gcás ina sainaithníodh go bhfuil seirbhís ar leith (e.g. cúram altrama) ar an tseirbhís is oiriúnaí chun riachtanais duine óig a chomhlíonadh, níor cheart machnamh ar fháil ar an tseirbhís a bheith teorannaithe leis an gCeantar Cúram Pobail ina gcónaíonn an duine óg;
- I gcás ina moltar go bhfuil socrúchán ceaptha le duine óg a ullmhú do shocrúchán eile; ba cheart é seo a shonrú go follasach sa Phlean Cúraim agus sa Phlean Socrúcháin, agus ba cheart gníomhaíochtaí a dhéanamh lena éascú;
- Ba cheart gach Plean Socrúcháin agus gach Plean Bainistíochta Géarchéime a chur chuig, agus a bheith á n-athbhreithniú ag oibrí sóisialta an duine óig chun a áirithiú go bhfuil siad oiriúnach do riachtanais an duine óig;
- Ba cheart oibrí sóisialta a dháileadh ar gach duine óg faoi chúram cónaithe ar bhonn lánaimseartha leis na dualgais ghairmiúla agus reachtúla a chomhlíonadh; agus

- Ba cheart déileáil le gach gearán ó na leanaí faoi chúram trí na nósanna imeachta maidir le déileáil le gearáin, rud ba cheart a mhíniú go hiomlán don duine óg, taifead a choinneáil go ndearnadh a leithéid agus eolas iomlán a thabhairt don leanbh faoin toradh. I gcás nach bhfuil leanbh sásta faoi thoradh an ghearáin, ba cheart comhairle a chur ar fáil dó/di maidir le bealaí eile a ngeofaí réiteach sásúil ar an ngearán.

FSS agus an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige – Saincheisteanna Cosanta Leanaí in eagraíochtaí atá maoinithe ag FSS chun seirbhísí a chur ar fáil do leanaí

Bhí na nithe seo a leanas i measc na moltaí a rinneadh chun feabhas chur ar fhreagairt an FSS do shaincheisteanna a tháinig aníos sa réimse seo agus chun a áirithiú go ndéantar leasanna is fearr na leanaí a mheas mar is iomchuí:

- I gcás inar déileáladh le saincheisteanna tosaigh cosanta leanaí, ba cheart don FSS athmheas a dhéanamh ar an gcleachtas maidir le feitheamh le toradh an phróisis inmheánaigh araíonachta fostaithe i gcásanna mí-úsáide corpartha líomhnaithe in eagraíochtaí a sholáthraíonn cúram do leanaí atá faoi mhíchumas intleachta sula gcinneann sí a ról sa tsaincheist;
- Machnamh a dhéanamh ar cé acu an ndlitear cur chuige comhthráthach maidir le himscrúdú inmheánach chun rannpháirteachas tráthúil éifeachtach a chinntiú nó nach ndlitear; agus
- A áirithiú go gcomhlíonann na heagraíochtaí sin a sholáthraíonn seirbhísí do leanaí aon mheasúnuithe tosaigh ar chosaint leanaí de chuid an FSS agus aon chinntí a dhéantar.

Sa chomhthéacs céanna, moladh an beart seo a leanas le gníomhaíocht riachtanach amuigh sa réimse seo a luathú:

- Ba cheart don Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige gach beart is gá a dhéanamh le hiniúchadh neamhspleách gach institiúide cónaithe do leanaí faoi mhíchumais intleachta a chinntiú i gcomhréir leis na forálacha i bPlean Cur Chun Feidhme Thuarascáil Ryan. Ba cheart do na bearta a dhéantar a chinntiú go bhfuil seirbhísí faoisimh do leanaí laistigh de lárionaid chónaithe faoi réir iniúchadh neamhspleách freisin.

FSS – Iarratais ar Shaintrealamh (cathaoir rothaí cumhachta)

Rinneadh na moltaí seo a leanas le cinnteoireacht ar an talamh agus comhsheasmhacht soláthair sheirbhíse a fheabhsú sa réimse seo:

- Ba cheart aitheantas dlite a thabhairt i mbeartais agus i gcinntí an FSS i gcás na n-iarratas sin do thréimhsí feithimh a d'fhéadfadh teacht chun cinn sa soláthar iarbhrí tacaíochta, ag brath ar an leibhéal measúnaithe tosaíochta in aon chás ar leith; ba cheart na tréimhsí sin a choinneáil ar íosmhéid i gcás leanaí, ag féachaint don ghá le tacaíocht bharrmhaith a chur ar fáil dá bhforbairt;
- Ba cheart don FSS an obair a luathú le treoirlínte náisiúnta a fhorbairt le haghaidh cathaoireacha rothaí cumhachta a sholáthar do leanaí; agus

- Ba cheart don FSS gach beart is gá a dhéanamh chun critéir agus treoir atá soiléir a bhunú d'fhonn comhsheasmhacht a bhaint amach ar thaobh Oifige Sláinte Áitiúla i ndáil le hiarratais, agus le hachomhairc, a phróiseáil i gcásanna a bhaineann leis an bhfáil ar chathaoireacha rothaí cumhachta do leanaí.

FSS – Meabhairshláinte

Bhí na nithe seo a leanas i measc na moltaí a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar bhuarthaí faoin bhfáil ar sheirbhísí:

- Ba cheart don FSS athbhreithniú a dhéanamh ar dheacrachtaí maidir leis an liosta feithimh um Shíciatracht Leanaí agus Ógánach i gceantar na hOifige Sláinte Áitiúla lena mbaineann agus straitéis a shainnithint chun aghaidh a thabhairt orthu;
- Ba cheart ról agus freagracht na Seirbhíse Síciatrachta Leanaí agus Ógánach agus na Seirbhíse Síceolaíochta Pobail i ndáil le hatreoruithe um Neamhord Hipirghníomhaíochta Easnamh Airde (NHEA) agus um Neamhord Greannach Freasúraíoch a shoiléiriú mar thoradh ar na tuiscintí difriúla idir an dá sheirbhís seo agus cumarsáid eatarthu a fheabhsú maidir le hatreoruithe;
- Ba cheart feabhas a chur ar chumarsáid le teaghlaigh i ndáil le cinní a rinneadh ar sheirbhísí agus ar sholáthar seirbhísí malartacha atá ar fáil; agus
- Ba cheart don FSS leordhóthanacht na seirbhísí atá ar fáil do dhaoine atá 16 bliana d'aois nó 17 mbliana d'aois a bhfuil diagnóis NHEA orthu a shoiléiriú agus a mheasúnú agus a áirithiú go bhfuil faisnéis ar fáil do theaghlaigh agus do dhochtúirí atreoraithe maidir le conas seirbhísí a rochtain.

FSS – Cóir Leighis Thar Lear

Rinneadh na moltaí seo a leanas chun tuilleadh comhsheasmhachta agus soiléireachta a bhaint amach sa soláthar tacaíochta sa réimse seo:

- Forbairt cur chuige chaighdeánaithe náisiúnta chomhaontaithe maidir leis an Scéim um Chóir Leighis Thar Lear ina gcuimsítear treoir shoiléir scríofa d'fhoireann an FSS maidir leis an bpróiseas a gcloítear leis agus iarratais ar chóir leighis thar lear atá comhsheasmhach go náisiúnta á meas;
- Cumarsáid fheabhsaithe ag an FSS maidir leis an Scéim um Chóir Leighis Thar Lear ina bhfuil faisnéis so-rochtana do thuismitheoirí/do theaghlaigh ina mionsonraítear critéir incháilitheachta, an próiseas ar cloíodh leis i ndáil leis an iarratas, agus an próiseas achomhairc. Ba cheart go dtabharfadh sé seo aghaidh ar na saincheisteanna sainiúla a bhaineann le cúram sláinte péidiatraiceach go háirithe; agus
- Faisnéis shoiléir do Chomhairleoirí Leighis atreoraithe maidir leis na critéir incháilitheachta agus na bearta nós imeachta a bhaineann le cinneadh na n-iarratas sin ag an FSS.

(ii) Measúnú iar-iniúchta ar fhreagairtí do mholtaí córasacha

Leanaí faoi Shainchúram

Chuaigh an Oifig i dteagmháil leis an FSS i rith 2011 trí theacht le chéile agus trí dhoiciméadúchán a iarraidh maidir leis an dul chun cinn ar mholtaí a rinneadh le haghaidh athrú córasach ar an soláthar sainchúraim. Chuir an FSS in iúl:

- go raibh múnla nua le haghaidh sainchúraim agus ardtacaíochta á fhorbairt;
- go raibh obair ag leanúint ar aghaidh i ndáil leis an soláthar cóiríochta atá ar fáil agus lena uasghrádú, mar aon le riachtanais chumais a athbhreithniú agus a fheabhsú; agus
- go raibh critéir agus próisis iontrála sainchúraim, agus na téarmaí tagartha don choiste achomhairc lena mbaineann, á n-athbhreithniú.

Fuair an Oifig sonraí ón FSS maidir le líon na ndaoine óga a atreoraíodh le haghaidh sainchúraim nach raibh ábalta rochtain a fháil lair mar gheall ar imeachtaí coiriúla ar feitheamh. Mar thoradh ar an bhfaisnéis seo, scríobh an tOmbudsman do Leanaí chuig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige maidir leis an ngá le tosú práinneach an Bhille um Chúram Leanaí (Leasú). Achtaíodh é seo ina dhiaidh sin i mí Lúnasa 2011.

Leanaí faoi Chúram Altrama a bhfuil Riachtanais Speisialta acu

Tar éis gearán a fuarthas thar ceann linbh faoi chúram altrama a bhfuil riachtanais speisialta throma aige a imscrúdú, rinne an Oifig seo roinnt moltaí ag féachaint le haghaidh a thabhairt ar na saincheistanna córasacha a aithníodh san imscrúdú freisin. Bhain siad leis na deacrachtaí atá os comhair teaghlach agus oibrithe sóisialta sa phleanáil, sa chur ar fáil acmhainní agus sa tacaíocht atá ag teastáil chun a áirithiú go dtugtar aghaidh ar riachtanais intuartha agus inaitheanta na leanaí sin agus go dtugtar tosaíocht dóibh. Ar feadh 2011, chuaigh an Oifig i dteagmháil leis an FSS ar an tsaincheist, go háirithe maidir le conas a thiocfadh athrú bríoch do theaghlaigh agus d'oibrithe sóisialta a thugann tacaíocht agus cúram do na leanaí sin as freagairt an FSS.

Leag an FSS roinnt beart molta a bheidh le glacadh chun aghaidh a thabhairt ar na saincheistanna córasacha a ardaíodh, mar aon le hamhlíne ina leith seo a sholáthar. Chuir an FSS in iúl:

- Gur thug sí tosaíocht d'athchumraíocht na n-acmhainní teiripe reatha chuig foirne bunaithe go geografach;
- Go bhfuil tosaíocht á tabhairt do Mhúnla Leithdháilte Acmhainní a chur chun feidhme, bunaithe ar Chomhaontuithe Leibhéal Seirbhísí agus ar Mheasúnacht Riachtanas a fhorbairt faoi Phlean Seirbhíse an FSS, 2011; agus
- Gur cheart Grúpa Oibre do Chúram Malartach a bhunú ina bhfuil an Oifig Náisiúnta do Leanaí agus do Theaghlaigh agus dochtúirí an FSS ag obair le Leanaí faoi Chúram chun beartas caighdeánaithe náisiúnta a fhorbairt agus a scaipeadh maidir leis an soláthar seirbhísí cúram altrama do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu faoi dheireadh 2011.

Leanfaidh an Oifig seo de mheasúnú iar-iniúchta a dhéanamh ar dhul chun cinn na mbeart seo in 2012.

(iii) Measúnú iar-íniúchta ar Imscrúdú ‘Tús Áite do Leanaí’

I mí Aibreáin 2010, chríochnaigh an Oifig an chéad imscrúdú córasach a rinneadh ar staid cur chun feidhme ‘Tús Áite do Leanaí: Treoirlínte Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí’, ag díriú ar ghníomhartha riaracháin an FSS ó thaobh cur chun feidhme de agus ar an Roinn Sláinte agus Leanaí mar gheall ar a téarmaí tagartha le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na dtreoirlínte seo.

Rinne an t-imscrúdú 11 aimsiú de riarachán lochtach, rud as ar tháinig 22 moladh. Ar chur i gcrích an imscrúdaithe, shocraigh an Oifig tréimhse bliana le haghaidh measúnú iar-íniúchta ar na bearta agus an dul chun cinn a rinneadh i ndáil leis na moltaí. Tosaíodh an t-athbhreithniú i mí na Bealtaine 2011 agus bhí na nithe seo a leanas i gceist:

- Nuashonrú scríofa a iarraidh ón FSS, ó Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige (an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige ina dhiaidh sin) agus ón nGarda Síochána i ndáil leis na bearta a rinneadh le dul chun cinn a dhéanamh ar na moltaí a tugadh dóibh faoi seach.
- Tionóladh cruinnithe le hionadaithe:
 - ón FSS
 - ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
 - ón nGarda Síochána
 - ó Cheardchumann IMPACT
- Iarradh tuilleadh doiciméadúcháin mar thoradh ar roinnt de na cruinnithe.

Cuireadh tuarascáil i gcrích ina leagtar amach toradh an athbhreithnithe i mí Eanáir 2012 d’fhonn í a fhoilsiú go luath.

5

BEARTAS AGUS REACHTAÍOCHT

Leagtar amach in Alt 7 san Acht um Ombudsman do Leanaí, 2002 (an tAcht 2002), feidhmeanna athbhreithnithe beartais, taighde agus reachtaíochta na hOifige. Déantar foráil ann go háirithe go ndéanfaidh an tOmbudsman do Leanaí:

- comhairle a chur ar Airí faoi fhorbairt agus chomhordú beartais a bhaineann le leanaí;
- comhairle a chur ar Airí faoi shaincheist ar bith a bhaineann le cearta agus leas leanaí, an éifeacht dhóchúil a bheadh ag moltaí ar reachtaíocht ar leanaí san áireamh;
- taighde a dhéanamh, a chur chun cinn agus a fhoilsiú faoi aon ábhar a bhaineann le cearta agus leas leanaí; agus
- faisnéis a mhalartú le hOmbudsmana Leanaí i stáit eile.

Sa bhliain faoi athbhreithniú, sholáthair Oifig an Ombudsman do Leanaí comhairle maidir le reachtaíocht bheartaithe i réimsí an cheartais choiriúil agus na cosanta leanaí. Chomh maith leis sin, lean sí ar aghaidh lena rannpháirteachas ag leibhéal idirnáisiúnta le meicníochtaí faireacháin um chearta an duine agus lena macsamhlacha i ndlínsí eile.

De bhreis ar a bhfuil thuas, rinne an Oifig aighneacht leis an bhFóram faoi Phátrúnacht agus Iolrachas san Earnáil Bhunoideachais agus le comhairliúchán na Roinne Oideachais agus Scileanna ar an gcreat rialála le haghaidh clárú scoile.

An Bille um Cheartas Coiriúil (Ciontuithe Caite), 2011

I mí an Mheithimh 2011, d'iarr an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais tuairimí Oifig an Ombudsman do Leanaí maidir leis an mBille um Cheartas Coiriúil (Ciontuithe Caite).

Thug an Oifig ráiteas ar dhréachtaí níos luaithe den Bhille dhá uair roimhe sin. Cosúil lena comhairle roimhe sin, dhírigh ráitis na hOifige maidir le dréacht 2011 an Bhille ar na réimsí seo a leanas:

- an sainmhíniú ar chionta gnéasacha laistigh de bhrí an Bhille;
- catagóirí d'fhostaíocht eisiata (iad siúd nach mbeadh ábalta leas a bhaint as forálacha an Bhille mar gheall ar a nádúr íogair);
- nochtadh ciontuithe agus imeachtaí cúirte; agus
- grinnfhiosrúchán ag an nGarda Síochána.

I gcás na ndréachtaí roimhe sin den Bhille, chuir an Oifig in iúl nach raibh na catagóirí d'fhostaíocht eisiata leathan go leor. Rinneadh é seo a cheartú agus fairsingíodh na catagóirí fostaíochta faoi réir an Bhille 2011.

An Bille um Cheartas Coiriúil (Faisnéis faoi Chionta in aghaidh Leanaí agus Aosaigh Shoghonta a Choimeád Siar), 2011

I mí Iúil 2011, d'fhoilsigh an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Cosanta tograí reachtaíochta chun cion coiriúil a dhéanamh de choinneáil siar faisnéise faoi dhéanamh cionta inghabhála, cionta gnéasacha san áireamh, in aghaidh linbh nó aosach soghonta.

Ina comhairle faoi na tograí, tharraing Oifig an Ombudsman do Leanaí aird ar an ngá le comhsheasmhacht a bheith idir an reachtaíocht bheartaithe agus Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí. Chomh maith leis sin, rinne an Oifig roinnt moltaí le haghaidh shoiléiríú agus leasú fhorálacha na reachtaíochta beartaithe nua.

Chomhaontaigh an Oifig le cur chuige ginearálta na dtograí ach chuir sí béim ar an tábhacht a bhaineann le cur i bhfeidhm na n-acmhainní riachtanacha chun a áirithiú gur féidir le ranna oibre sóisialta freagairt go héifeachtach d'aon mhéadú ar thuiriscíú mar thoradh ar achtú an Bhille agus ar chur i bhfeidhm Tús Áite do Leanaí ar bhonn reachtúil. Ina theannta sin, mhol an Oifig gur cheart córas éifeachtach faireacháin a chur i bhfeidhm le héifeachtaí na bhforálacha dlí nua a scrúdú agus gur cheart athbhreithniú neamhspleách ar éifeacht na reachtaíochta ar chleachtas cosanta leanaí a dhéanamh tráth nach moille ná trí bliana i ndiaidh a cur chun feidhme.

Gné eile den reachtaíocht bheartaithe a d'éiligh tuilleadh breithnithe ba ea an cheist ar cad é a bheadh ina leithscéal réasúnta maidir le mainneachtain cion inghabhála a thuiriscíú. Mhol an Oifig gur cheart na tograí a leasú chun soiléiríú nár cheart, i gcás leanaí, a chur san áireamh i leithscéal réasúnta tosca ina dtugann an duine a ndearnadh an cion ina leith le fios nár mhaith leis nó léi go dtuirisceofaí an cion sin, nó faisnéis a bhaineann leis an gcion sin.

Chuir an Oifig in iúl freisin gur cheart idirghníomhaíocht idir na tograí agus foirmeacha éagsúla de phribhléid dlíodóra a mheas tuilleadh d'fhonn a áirithiú nach mbeadh raon feidhme an Bhille srianta go míchuí.

An Bille um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin, 2011

I mí Iúil 2011, d'fhoilsigh an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Cosanta tograí don Bhille um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin. Is é aidhm an Bhille éifeacht a thabhairt don mholadh a rinne Comhchoiste an Oireachtais um an Leasú Bunreacht maidir le Leanaí reachtaíocht a thabhairt isteach leis an modh a rialú inar féidir leis an nGarda Síochána agus le gníomhaireachtaí eile taifid de chiontuithé coiriúla agus faisnéis (faisnéis bhog san áireamh) a stóráil chun críche cosanta leanaí.

Chuir Oifig an Ombudsman do Leanaí comhairle ar fáil don Rialtas agus do Thithe an Oireachtais roinnt uaireanta faoi thograí leis an mBunreacht a leasú; sna haighneachtaí sin, chomhairligh an Oifig gur cheart don leasú sin cur ar chumas an Oireachtais go soiléir reachtú a dhéanamh le haghaidh an bhailithe agus an mhalartaithe faisnéise a bhaineann leis an gcur i mbaol féideartha leanaí.

Ina comhairle faoin mBille, chuir an Oifig fáilte roimh an togra creat reachtúil a chur i bhfeidhm leis an ngné seo de chosaint leanaí a rialú. D’ainneoin na hoibre suntasaí agus éigeantaí a rinne Lár-Aonad Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána (GCVU) cheana féin, freagraíonn easnamh an chreata reachtúil sin do bharna thromchúiseach sa reachtaíocht atá ann a dhíríonn ar leanaí a chosaint ó dhochar. Mar sin féin, d’aibhsigh an Oifig seo nach bhfuil i ngrinnfhiosrúchán ach comhpháirt amháin de chóras cosanta leanaí atá níos mó agus nach féidir leis sábháilteacht leanaí a chinntiú ina aonar; níl meicníocht láidir ghrinnfhiosrúcháin ina hionadú ar phróisis láidre earcaíochta agus bainistíochta.

Thug comhairle na hOifige aghaidh ar na poist fostaíochta ba cheart a bheith faoi réir grinnfhiosrúcháin, faoi bhunú agus fheidhmiú an Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin, faoi nósanna imeachta maidir le nochtadh grinnfhiosrúcháin, agus faoi chionta faoin mBille.

An Fóram faoi Phátrúnacht agus Iolrachas san Earnáil Bhunoideachais – Lúnasa 2011

I mí Aibreáin 2011, sheol an tAire Oideachais agus Scileanna an Fóram faoi Phátrúnacht agus Iolrachas san Earnáil Bhunoideachais, ar fóram náisiúnta faoi phátrúnacht scoile é. Cuimsíonn sé próiseas fairsing comhairliúcháin d’fhonn tuilleadh iolrachais sa rialú scoileanna a éascú. Fógraíodh an tOllamh John Coolahan (Cathaoirleach), an Dochtúir Caroline Hussey agus Fionnuala Kilfeather Uasal mar bhaill den Ghrúpa Comhairleach Neamhspleách leis an bhFóram. Bhuail an tOmbudsman do Leanaí le Cathaoirleach an Ghrúpa Chomhairligh i mí Iúil 2011.

I mí Lúnasa 2011, rinne an tOmbudsman do Leanaí aighneacht fhoirmiúil leis an bhFóram faoi Phátrúnacht agus Iolrachas. Tugadh faoi deara san aighneacht sin go bhfuil an tsaincheist a bhaineann le rogha na dtuismitheoirí ina príomhcheist don Fhóram ach go bhfuil sé chomh tábhachtach céanna cuimhneamh ar ghné chearta na leanaí agus an tionchar a imreoidh aon athruithe a thagann as obair an Fhórait ar leanaí. Sa chomhthéacs sin, tharraing an Oifig aird ar oibleagáidí idirnáisiúnta na hÉireann i ndáil le cearta na leanaí, le tagairt ar leith do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta an Linbh.

Mhol an tOmbudsman do Leanaí go ndéanfaidh próiseas athraithe a bhfuil tiomantas léirithe do chearta, leas agus leasanna is fearr leanaí mar bhonn agus taca aige teorainn a chur le nádúr agus fad na mbuarthaí a d’fhéadfadh athruithe beartaithe a thagann as obair an Fhórait a chruthú. Ba é cuspóir an chur chuige seo a áirithiú go láimhseálfaí go hiomchuí gearáin a d’fhéadfadh teacht chun cinn má bhíonn an tiomantas céanna seo ina bhonneolas maidir le beartais agus nósanna imeachta áitiúla.

Ba é tuairim an Ghrúpa Chomhairligh leis an bhFóram go mbeadh an Oifig ina meicníocht oiriúnach achomhairc maidir le gearáin a bhaineann le clárú agus le saincheisteanna eile a d’fhéadfadh teacht as athruithe a chuireann an Fóram i bhfeidhm. Bhí an Oifig sásta an tuairim seo a shonrú, mar aon leis na tagairtí a rinne an Grúpa Comhairleach do na tuairimí a bhí curtha in iúl ag leanaí agus daoine óga a ndeachaigh an Grúpa Comhairleach i gcomhairle leo i dtaobh na saincheisteanna lena mbaineann.

Tá gach ceann de dhoiciméid bheartais Oifig an Ombudsman do Leanaí ar fáil le haghaidh íoslódála ar www.oco.ie/publications/policy.html

Rochtain ar nótaí teiripeacha

Go luath in 2011, ardaíodh buarthaí le hOifig an Ombudsman maidir leis an eisiúint rochtana ar nótaí teiripeacha a bhaineann le leanaí ar tugadh mí-úsáid ghnéasach dóibh agus le húsáid na faisnéise atá istigh iontu i gcomhthéacs na n-ionchúiseamh coiriúil. Chuir gairmithe sinsearacha míochaine a sholáthraíonn seirbhísí measúnaithe agus teiripeacha do leanaí ar tugadh mí-úsáid ghnéasach dóibh an tuairim in iúl go raibh eisiúint na nótaí a rinneadh le linn a gcuid oibre teiripí – ar leith ón bpróiseas measúnaithe – chun cabhrú leis an ionchúiseamh fadhbach. Go háirithe, bhí imní ann nach féidir leis na leanaí lena mbaineann dul i riosca agus páirt a ghlacadh sa teiripe i gcás nach féidir le cliniceoirí mothú príobháideachais, iontaoibh agus rúndachta a bhunú sa chaidreamh teiripeach.

D'ardaigh an tOmbudsman do Leanaí na buarthaí seo leis an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (DPP), le linn di an tábhacht a bhaineann le hionracas na n-ionchúiseamh poiblí a admháil. Tar éis di dul i dteagmháil le hOifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, scríobh an tOmbudsman do Leanaí chuig an Aire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí, ag leagan béime ar an neamhláithreachta creata reachtúil a rialaíonn an réimse seo agus ag moladh gur cheart breithniú a dhéanamh ar aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist i reachtaíocht phríomhúil. Chuir an tAire in iúl ina fhreagra gur chuir an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais tús le comhairliúchán leis an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, leis an nGarda Síochána agus leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige lena gcuid tuairimí a dhearbhu faoi mholtaí an Rapóirtéara Speisialta ar Chosaint Leanaí ina leith seo, agus go ndéanfaí tuilleadh breithnithe ar an ngá le gníomhaíocht reachtaíochta sa réimse seo agus an comhairliúchán críochnaithe agus tuilleadh faisnéise ar láimh.

Coiste na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Chéasta (UNCAT)

Scrúdaigh UNCAT Éire i mí na Bealtaine 2011. Cé nach ndearna an Oifig aighneacht fhoirmiúil maidir leis an bpróiseas seo, rinne an Coiste tagairt, le linn a phlé leis an toscaireacht Stáit, don tuarascáil a d'fhoilsigh an Oifig faoi thuairimí na ndaoine óga atá faoi choimeád i bhForas Naomh Pádraig. D'iarr an Coiste téarmaí tagartha imscrúdaithe na hOifige a shíneadh le go ndéanfaí daoine óga atá 16 bliana d'aois agus 17 mbliana d'aois atá faoi choimeád i bhForas Naomh Pádraig a chur san áireamh.

Athbhreithniú Tréimhsiúil Uilechoiteann Chomhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine (UPR)

I mí Dheireadh Fómhair 2011, rinne Comhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine scrúdú ar Éire mar chuid dá próiseas UPR.

Ós rud é go bhfuil sí ar an gcomhlacht náisiúnta reachtúil um chearta an duine do leanaí in Éirinn, d'ullmhaigh Oifig an Ombudsman do Leanaí aighneacht don Chomhairle inar leagadh amach cuid de na príomhbhuarthaí i réimse chearta na leanaí in Éirinn. Áiríodh orthu athchóiriú bunreacht, cosaint leanaí, feabhas a chur ar imscrúdú agus fhaireachán ar sheirbhísí leanaí, bochtaineacht leanaí, meabhairshláinte, ceartas óige, leanaí dealaithe ag iarraidh tearmann, agus oideachas na leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu.

San fhaisnéis a chuir sí ar fáil do Stáit eile maidir le cás reatha chearta an duine in Éirinn, d'fhreagair Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine (OHCHR) do mhórchuid na moltaí a rinne an tOmbudsman do Leanaí. Le linn an phlé idir an Chomhairle agus an toiscaireacht Éireannach, tugadh tosaíocht do shaincheistean leanaí a d'ardaigh an Oifig seo agus ar ghlac OHCHR leo, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le fairsingiú théarmaí tagartha imscrúdaithe an Ombudsman do Leanaí.

Cé gur ghlac Stát na hÉireann le roinnt de mholtaí na Comhairle a bhaineann le cearta leanaí, bhí raon saincheistean freisin a gheall an Stát a mheas tuilleadh sula dtabharfadh sé freagairt don Chomhairle. I rith 2012, leanfaidh an Oifig d'fhaireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn na saincheistean sin agus saincheistean eile a d'ardaigh an Chomhairle.

Athbhreithniú ar an Acht um Ombudsman do Leanaí, 2002

Déantar foráil in Alt 7(1)(h) den Acht 2002 go ndéanfaidh an tOmbudsman do Leanaí faireachán agus athbhreithniú ar fheidhmiú an Achta 2002 agus, nuair a mheasann sí go bhfuil gá leis, déanfaidh sí moltaí leis an Aire Leanaí nó Gnóthaí Óige nó leis an Oireachtas, nó leis an dá cheann acu, mar gheall ar leasú an Achta. Cé gur tharraing Oifig an Ombudsman do Leanaí aird ar easnamh áirithe den Acht 2002 roinnt uaireanta – go háirithe i ndáil le raon feidhme théarmaí tagartha imscrúdaithe na hOifige – ní dhearnadh aon athbhreithniú den chineál sin a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Rialtais agus an Oireachais lena bhreithniú.

Mar thoradh ar an taithí a ghnóthaigh an Oifig sna chéad 7 mbliana dá hoibriúchán, chinn an tOmbudsman do Leanaí in 2011 athbhreithniú a dhéanamh ar an Acht 2002. Rinneadh méid suntasach obair ullmhúcháin i rith na bliana agus tá sé beartaithe go ndéanfar an t-athbhreithniú ar an Acht 2002 a chríochnú agus a fhoilsiú i rith 2012.

Rannpháirteachas le Líonra agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta

Is í sainfeidhm an Ombudsman do Leanaí faoin Acht 2002 comhoibriú leis na hOmbudsmana do Leanaí i stáit eile. I rith 2010, lean an Oifig ar aghaidh lena rannpháirteachas láidir gníomhach le Líonra Eorpach na nOmbudsman do Leanaí (ENOC), agus le Líonra Ombudsman agus Coimisinéirí Leanaí na Breataine agus na hÉireann (BINOCC).

Ba é an tOmbudsman do Leanaí Cathaoirleach an ghrúpa oibre a bhunaigh Comhthionól Ginearálta ENOC chun plé a dhéanamh ar reachtanna agus ar chaighdeán an Líonra nach mór d'fhorais neamhspleácha chearta na leanaí a chomhlíonadh d'fhonn cáiliú do bhallraíocht san ENOC.

Bhí Oifig an Ombudsman do Leanaí rannpháirteach freisin le raon comhlachtaí tábhachtacha idirnáisiúnta a bhfuil freagracht orthu as cur chun cinn agus cosaint chearta an duine, lena n-áirítear:

- Misean Shaineolaí Neamhspleách na NA ar Chearta an Duine & ar Fhíorbhochtaineacht, Magdalena Sepúlveda, go hÉirinn i mí Eanáir 2011;
- Coimisinéir Chomhairle na hEorpa um Chearta an Duine, an tUas. Thomas Hammarberg, mar chuid dá cuairt tíre go hÉirinn i mí an Mheithimh 2011; agus

- Cathaoirleach Choiste na NA um Chearta an Linbh, an tUas. Jean Zermatten, le hoibriú an tríú prótacal roghnach a ghabhann le Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh a dhéanann foráil do mheicníocht gearán idirnáisiúnta a phlé i mí Dheireadh Fómhair 2011.

De bhreis air sin, thug an tOmbudsman do Leanaí aitheasc do chomhdhála suntasacha idirnáisiúnta um chearta na leanaí, lena n-áirítear:

- Seimineár Chomhairle na hEorpa ar ghné chearta an duine d'imirce ar an Eoraip in Iostanbúl i mí Feabhra, 2011. D'iarr Coimisinéir Chomhairle na hEorpa um Chearta an Duine, Thomhas Hammerberg, i gcomhar le Cathaoirleacht Thurcach de Choistí Airí Chomhairle na hEorpa, ar an Ombudsman do Leanaí aitheasc a thabhairt don seimineár a dhíríonn ar obair Oifig an Ombudsman do Leanaí le daoine óga dealaithe in Éirinn; agus
- Comhdháil CÉINAL ar an bhfaireachán ar chéasadh agus ar dhrochíde i gcomhthéacs an cheartais d'ógánaigh i gCív i mí Dheireadh Fómhair, 2011. Ba é príomhfhócas na comhdhála seo cabhrú le tíortha ar nós na hAirméine, na Seoirsia, na Casacstáine, na Moldóive agus na hÚcráine agus iad ag forbairt chumas na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha um chearta an duine agus na n-oifigí Ombudsman d'fhonn faireachán a dhéanamh ar ionaid choinneála agus taighde a dhéanamh. Iarradh ar an Ombudsman do Leanaí aitheasc a thabhairt don chomhdháil mar gheall ar an obair a rinne an Oifig seo ar leanaí faoi choinneáil i bhforas Naomh Pádraig.

6

RANNPHÁIRTEACHAS AGUS OIDEACHAS

Déanann Alt 7 den Acht 2002 tacar cumhachtaí uathúla reachtúla a thabhairt don Ombudsman do Leanaí a chomhlánaíonn obair na hOifige i ngearáin a imscrúdú agus oibleagáid dhearfach a chur air faireachán a dhéanamh ar chearta agus leas na leanaí agus iad a chur chun cinn go dtí go bhfuil siad ocht mbliana déag d'aois. Tá na nithe seo a leanas i measc oibleagáidí na hOifige faoi Alt 7:

- beartais, nósanna imeachta agus cleachtais a spreagadh a chuireann cearta agus leas na leanaí chun cinn;
- feacht a chur chun cinn i measc an phobail, leanaí san áireamh, ar shaincheisteanna a bhaineann le cearta agus leas leanaí;
- struchtúir a bhunú chun comhairliúchán a dhéanamh le leanaí; agus
- béim a leagan ar shaincheisteanna a bhaineann le cearta agus leas leanaí ar cúis imní iad do na leanaí féin.

Go bunúsach, cuimsítear dhá shraith in obair rannpháirteachais agus oideachais na hOifige. Is é is aidhm leis an gcéad sraith, ina gcuimsítear tionscnaimh amhail a clár cuairteanna agus an fhorbairt ábhar acmhainní ar chearta an duine, a bheith rannpháirteach leis an bpobal leanaí i gcoitinne agus feacht ar shaincheisteanna a bhaineann le cearta na leanaí atá ábhartha do na mílte leanaí a chur chun cinn. Is éard atá sa dara sraith ceangal go díreach le grúpaí leochaileacha leanaí a bhfuil sé níos deacra teacht orthu agus a gcloistear a gcuid tuairimí go hannamh. Áiríodh ar obair na hOifige faoin tsraith seo in 2011 gníomhaíochtaí a rinne forbairt ar a cuid oibre le daoine óga faoi bhun 18 mbliana d'aois a bhí faoi choimeád i bhForas Naomh Pádraig in 2009/2010 agus tionscnamh chun teagmháil dhíreach a dhéanamh le daoine óga a bhfuil taithí acu ar easpa dídine.

Clár Oideachais um Chearta na Leanaí

Á sheachadadh do ghrúpaí leanaí agus daoine óga a thugann cuairt ar an Oifig, tá an clár oideachais um chearta ina chuid thábhachtach d'obair rannpháirteachais agus oideachais na hOifige. Soláthraíonn sé an deis dul i dteagmháil dhíreach, agus ar bhonn leanúnach, le leanaí agus daoine óga ag aoiseanna éagsúla, a chónaíonn i gceantair éagsúla den tír agus i gcúinsí éagsúla. I rith 2011, thug 750 leanbh agus duine óg ó scoileanna, ó thionscadail óige agus ó sheirbhísí eile leanaí i mBaile Átha Cliath, i gCill Dara, i Maigh Eo, i nDún na nGall, i bPort Láirge, sa Mhí, san Iarmhí agus i Muineachán, cuairt ar an Oifig chun páirt a ghlacadh i gceardlanna bunaithe ar ghníomhaíocht. De bhreis ar thuiscint leanaí agus daoine óga ar

chearta an duine, cuireann na ceardlanna seo ar chumas na hOifige cloisteáil agus foghlaim go díreach ó leanaí agus ó dhaoine óga maidir leis na saincheisteanna a théann i bhfeidhm orthu agus a bhfuil imní orthu fúthu.

In 2011, ghlac an-chuid leanaí agus daoine óga páirt freisin i gceann amháin de na comhairliúcháin seo a leanas a rinne an Oifig tríd an gClár seo:

Cúram Sláinte a oireann do Leanaí

Idir mí na Bealtaine agus mí an Mheithimh 2011, d'éascaigh Oifig an Ombudsman do Leanaí cúig ghrúpa leanaí maidir lena gcuid tuairimí a chur le comhairliúchán Chomhairle na hEorpa le leanaí maidir le cúram sláinte a oireann do leanaí. Chuir an comhairliúchán seo ar chumas leanaí a bheith rannpháirteach i gcomhairliúchán ag an leibhéal Eorpach a thionscain Comhairle na hEorpa chun críocha Treoirínte maidir le Cúram Sláinte a oireann do Leanaí nua a fhorbairt.

Cheap foireann Oifig an Ombudsman do Leanaí na comhairliúcháin timpeall ar théamaí leathana a cuireadh san áireamh i gceistneoir Chomhairle na hEorpa. Thug na 125 leanbh a ghlac páirt sa chomhairliúchán seo tuairimí ar thimpeallacht fhisiceach na suíomhanna cúram sláinte a úsáideann leanaí; ar ról na dtuismitheoirí agus na mball teaghlaigh eile i gcúram sláinte leanaí; ar fhaisnéis do, agus cumarsáid le, leanaí i ndáil le cóireálacha atá á bhfáil acu; ar dheiseanna lena gcuid tuairimí agus cúiseanna imní a chur in iúl do ghairmithe cúram sláinte; agus ar dhearcthaí agus iompraíochtaí na ngairmithe sláinte maidir le leanaí.

Ar roinnt de na saincheisteanna a tháinig aníos, bhí:

- Na tréimhsí agus na láithreacha feithimh – cheap formhór na leanaí gur rófhada a bhí an t-am a chaith siad i láithreacha feithimh sula bhfaca an gairmí cúram sláinte iad.
- An timpeallacht fhisiceach – bhí rannpháirtithe den tuairim gur cheart suíomhanna cúram sláinte a úsáideann leanaí a bheith geal agus dathach agus ba cheart ionaid le scíth a ligean agus leapacha compordacha glana freisin a bheith acu, agus a bheith ina timpeallacht ina mbeadh bhaill teaghlaigh ábalta fanacht le leanaí.
- Ról na dtuismitheoirí agus an teaghlaigh – Bhí na leanaí den tuairim go bhfuil sé tábhachtach baili teaghlaigh a bheith acu leo mar go gcabhraíonn sé seo leo mothú go bhfuil siad sábháilte agus slán i suíomhanna cúram sláinte. Mheabhraigh leanbh amháin an t-eispéireas a bhí aici nuair a bhí eagla agus uaigneas uirthi nuair a bhí uirthi fanacht le cóireáil ina haonar toisc go raibh an láthair feithimh i gcuid den ospidéal nach raibh cead ag a tuismitheoirí dul isteach inti.
- Faisnéis agus cumarsáid – chuir formhór na leanaí rannpháirteacha an tuairim in iúl gur minic a labhraíonn gairmithe cúram leanaí róghasta agus go n-úsáideann siad focail nach dtuigeann leanaí. Chuir leanaí síos ar eispéiris nuair nach raibh siad cinnte cad a bhí ag tarlú tar éis dóibh dul chuig gairmí cúram sláinte. Bhí siad den tuairim freisin go bhfuil ar ghairmithe cúram sláinte cumarsáid dhíreach a dhéanamh le leanaí i dteanga agus ar bhealach a oireann do leanaí (úsáideadh focail amhail “mín”, “croíúil” agus “foighneach” ina leith seo). Bhí formhór mór na leanaí den tuairim gur cheart do thuismitheoirí a bheith i láthair agus a bheith páirteach in aon phlé a bhaineann le cóireáil leighis a linbh.

- Éisteacht le leanaí – bhí formhór na leanaí rannpháirteacha den tuairim nach n-éistean gairmithe sláinte le leanaí agus nach dtugann siad deiseanna dóthanacha do leanaí ceisteanna a chur i gcoitinne.

Rinneadh dea-ionadaíocht dá gcuid tuairimí i dtuarascáil ar an gcomhairliúchán ag an leibhéal Eorpach, inar tugadh eolas do ghlacadh Chomhairle na hEorpa leis na Treoirlínte nua i mí Mheán Fómhair 2011.

Bulaíocht

Mar chuid den Chlár seo, bhuaill Oifig an Ombudsman do Leanaí idir mí Mheán Fómhair agus mí na Samhna 2011 le grúpaí leanaí ó 10 scoil (200 leanbh) agus rinne sí comhairliúchán maidir lena mbarúlacha agus lena dtuairimí a bhaineann lenar féidir le scoileanna a dhéanamh chun teagmhais bhulaíochta a chosc agus a chomhrac. Ba é a bhí sna 10 ngrúpa a ghlac páirt ann meascán de dhaltai bunscoile agus meánscoile ó roinnt contaetha agus meascán de shuíomhanna uirbeacha agus tuaithe. Ba as an 5ú rang a bhí an grúpa is óige agus bhí daltaí tríú bliain ar an ngrúpa is sine. Ina theannta sin, ghlac grúpa amháin daoine óga ó ghrúpa tacaíochta meabhairshláinte páirt sa chomhairliúchán.

Bhí na nithe seo a leanas ar na príomh-theachtaireachtaí a chuir leanaí agus daoine óga ina leith seo:

- Ba cheart do scoileanna cur chuige réamhghníomhach a ghlacadh maidir le labhairt faoi bhulaíocht agus feasacht ar bhulaíocht a mhúscailt;
- Ba cheart treoir a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga maidir lenar cheart dóibh a dhéanamh i gcás ina dtarlaíonn bulaíocht dóibh agus ina bhfeiceann siad bulaíocht agus ba cheart dóibh tuiscint shoiléir chomhroinnte a bheith acu ar an dóigh a ndéileáil na scoil le teagmhais bhulaíochta;

Cuirfear an fhaisnéis a bhaileofar ón gcomhairliúchán sin san áireamh san obair amach anseo a dhéanfaimid ar an gceist um bulaíocht.

Leanaí agus na Meáin

Chuaigh an Oifig i gcomhairle le leanaí agus daoine óga ar cuairt i ndáil leis an úsáid a bhaineann siad as na meáin ionas go bhféadfaidh a gcuid tuairimí eolas a thabhairt dá hobair leanúnach lena cur chuige cumarsáide le leanaí a fhorbairt agus a éagsúlú.

Ba é an príomhchuspóir plé a éascú ar an úsáid a bhaineann leanaí agus daoine óga as na meáin agus na meáin shóisialta mar aon lena n-idirghníomhaíocht leo, lena n-áirítear tuilleadh eolais a fháil ar na cineálacha meán atá á n-úsáid acu, na pointí dearfacha agus diúltacha a mheas siad a bheith ann agus na meáin éagsúla seo á n-úsáid acu, conas ba mhaith leo go mbeadh teacht níos fearr ag daoine óga ar na meáin agus, ar deireadh, conas a d'fhéadfadh an Oifig, ina dtuairim, na meáin a úsáid lena teachtaireacht a chur in iúl.

Maidir le húsáid na meán, bhí teagmháil rialta ag gach grúpa leis raidió, leis an teilifís, leis na nuachtáin agus leis an Idirlíon, mar a rabhthas ag súil leis. D'úsáid na grúpaí an tIdirlíon i bhfad níos mó ná na meáin eile agus ba é an rogha roghnaithe é. I gcoitinne, luaigh na grúpaí nach léifidís nuachtáin nó nach léifidís go minic iad.

Luaigh na grúpaí go léir go raibh spéis acu i bhfoghlaim faoi chúrsa reatha ach bhí siad den tuairim nár cuireadh an nuacht in iúl ar dhóigh a n-oireann do leanaí agus, dá bhrí sin, níor thug siad mórán airde.

Agus an t-idirlíon agus na meáin shóisialta go háirithe á bplé acu, cheap daoine óga gur dóigh iontach é le coinneáil i dteagmháil le cairde agus le teaghlach. Luaigh na daoine óga go léir a ghlac páirt a raibh rochtain rialta acu ar an Idirlíon go n-úsáidfidís é chun foghlaim faoi rudaí, tionscadail taighde agus nuacht a sheiceáil. Mar sin féin, cé gur aithin na leanaí gurb iad Facebook, YouTube agus Twitter na príomhshuíomhanna meán sóisialta, ní raibh siad chomh cinntitheach sin maidir leis an áit a rachaidís chun faisnéise nó nuacht a fháil.

Labhair siad faoi rochtain freisin; thug an t-idirlíon rochtain ar gach ar mhaith le daoine óga a bheith acu ar a gcaoihiúlacht am ar bith ar mhaith leo é, gan fógraí nó gan chlár nach ndírítear orthu.

Sa deireadh, phléigh siad sábháilteacht; labhair dhá cheann de na grúpaí go díreach faoi bhuarthaí sábháilteachta a bhaineann le bheith ar líne agus bhí aithne ag formhór na leanaí sin ar dhuine ag a raibh droch-eispéireas ar líne nó luaigh siad go raibh droch-eispéireas acu féin. Ba iad na droch-eispéiris is mó: bulaíocht ar líne, ábhar mí-oiriúnach ar líne, agus na contúirtí a bhaineann le daoine/daoine fásta mí-oiriúnacha ag déanamh teagmhála leo ar líne.

Thug sé seo eolas ina dhiaidh sin maidir leis an dóigh a ndéanann Oifig an Ombudsman do Leanaí teagmháil leis na meáin i ndáil le raon saincheisteanna.

Ábhair Oideachais faoi Chearta na Leanaí

I rith 2010, d'fhorbair an Oifig ábhair acmhainní oideachais faoi chearta agus shaol leanaí in Éirinn dar teideal What do You Say? do mhúinteoirí lena n-úsáid i mbunscoileanna, i scoileanna iarbhunscoile agus in ionaid Ógtheagmhála. Mar gheall ar an bhfreagairt dhearfach do na hábhair ó mhúinteoirí a oibríonn ag an leibhéal bunscoile agus iarbhunscoile, go luath in 2011 d'eisigh an Oifig cóip de na hábhair sin do gach bunscoil, scoil iarbhunscoile agus ionad Ógtheagmhála sa tír.

Tá na hábhair sin ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge agus cuimsíonn siad lámhleabhair do mhúinteoirí, póstaer agus DVD is féidir a úsáid le haghaidh oibre le leanaí atá 4 bliana d'aois agus níos sine. Is iad na saincheisteanna a chuirtear i láthair chun críche foghlama bunaithe ar ghníomhaíocht ná: tuairimí a bheith acu agus iad a chur in iúl; teaghlach agus cúram; sláinte agus saibhreas; oideachas; súgradh, fóillíocht agus caitheamh aimsire; cuimsiú; agus leanaí agus an dlí. Chuir an Oifig na hábhair ar fáil le híoslódáil óna láithreán Gréasáin freisin.

Béim a chur ar Bhuarthaí Daoine Óga i bhForas Naomh Pádraig

I mí Feabhra 2011, d'fhoilsigh an Oifig tuarascáil ina leagtar síos torthaí a comhairliúcháin le daoine óga 16 bliana d'aois agus 17 mbliana d'aois faoi choimeád i bhForas Naomh Pádraig, ar príosún dúnta le meánmhéid slándála é atá faoi stiúir Sheirbhís Príosún na hÉireann (IPS).

Ba é cuspóir foriomlán an chomhairliúcháin seo cloisteáil go díreach ó dhaoine óga faoina n-eispéiris ar bheith faoi choimeád ag féachaint dá bpeirspictíochtaí ar an réimeas agus na

coinníollacha sa phríosún. Ba é an sprioc a bhí ann go mbreathnódh lucht bainistíochta Fhoras Naomh Pádraig, IPS, agus lucht déanta beartais go cuí ar a dtuairimí, agus, go ginearálta, go ndéanfaí dul chun cinn ar mheas ar chearta agus leas daoine óga sna agus trí na beartais, nósanna imeachta agus cleachtais a fheidhmítear le haghaidh daoine faoi bhun 18 mbliana d'aois sa phríosún.

Ag forbairt ar obair na hOifige i bhForas Naomh Pádraig, lean an tOmbudsman do Leanaí de bhéim phoiblí agus ar leibhéal Airí a chur ar an ngá le socruithe malartacha cuí a shainaitheint agus a chur chun cinn, gan mhoill, chun úsáid Fhoras Naomh Pádraig mar áit choinneála do leanaí faoi bhun 18 a laghdú go radacach agus tús a chur le deireadh a chur leis.

Chuir an tOmbudsman do Leanaí béim fosta ar an tábhacht a bhaineann le leanúint de bhearta a chur i bhfeidhm chun feabhas a chur ar an soláthar i bhForas Naomh Pádraig fad is go bhfuiltear ag coinneáil daoine óga faoi bhun 18 ansin. Ina theannta sin, chuir sí béim nach mór aghaidh a thabhairt ar an gcás go bhfuil bac ar an Ombudsman do Leanaí faoi Acht 2002 ó ghearáin a dhéanann daoine óga faoi 18 atá coinnithe i bhForas Naomh Pádraig, nó a dhéanann daoine thar a gceann a imscrúdú.

Torthaí

Aithníonn an Oifig gur tionscnaíodh roinnt athruithe i gcomhréir le cuid de na moltaí a rinneadh ina tuarascáil i rith 2011.

- Ag freagairt do mholadh a thug daoine óga a ghlac páirt ina comhairliúchán, chabhraigh an Oifig le hábhair faisnéise nua a oireann d'ógánaigh a fhorbairt a dhíríonn ar fheasacht agus ar thuiscint daoine óga ar rialacha, na nósanna imeachta agus ar sheirbhísí an phríosúin a fheabhsú.
- Bhí an Oifig rannpháirteach freisin i gclár oiliúna ar dhaoine óga sa tsochaí d'oifigigh phríosúin a oibríonn le daoine óga faoi bhun 18 mbliana d'aois i bhForas Naomh Pádraig. I mí na Samhna 2011, sholáthair foireann na hOifige ceardlann oiliúna ar chearta na leanaí d'oifigigh phríosúin i bhForas Naomh Pádraig. Mar sin féin, tá freagracht as soláthar a fheabhsú ar fud réimse leathan seirbhísí, agus as na hidirghabhálacha sin, go fóill ar an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Cosanta, agus ar sheirbhísí faoina gcoimirce, lena n-áirítear Seirbhís na hÉireann um Chearta i leith an Aosa Óig agus Seirbhís Príosún na hÉireann. Is gá go gcomhoibríonn siad go héifeachtach i gceapadh agus i soláthar na hoiliúna agus idirghabhálacha eile a chosnaíonn cearta agus riachtanais leasa na ndaoine óga faoi bhun 18 mbliana d'aois atá faoi choimeád i bhForas Naomh Pádraig,

I mí an Mheithimh 2011, leag an tOmbudsman do Leanaí a buarthaí amach don Ghrúpa Athbhreithnithe um Príosún Halla Thornton maidir leis an gcoimeád leantach leanaí i bhForas Naomh Pádraig, ag moladh socruithe le haistriú na leanaí as Foras Naomh Pádraig a éascú agus chuir sí a buairt in iúl nár cheart do cheisteanna leanúnacha maidir le caidreamh tionscail a bheith mar bhacainn ar chearta leanaí.

I mí Dheireadh Fómhair 2011, scríobh an tOmbudsman do Leanaí chuig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, ag cur buairt mhór in iúl maidir leis an gcoimeád leantach leanaí i bhForas Naomh Pádraig agus ag iarraidh go foirmiúil ar an Aire cinntiú go ndéanfaí beart práinneach chun deireadh a chur leis an gcleachtas seo.

Chuir an tOmbudsman do Leanaí a buairt in iúl, ní amháin faoin timpeallacht fhisiceach, ach faoin gcultúr a mhair i bhForas Naomh Pádraig agus faoin dóigh ar caitheadh le leanaí faoina chúram freisin.

Aibhsíodh sa litir príomhbhuarthaí an Ombudsman do Leanaí, lena n-áirítear easpa cloí le treoirlínte cosanta leanaí, an úsáid a bhaintear as cleachtais phionósacha, cleachtais ar cúis eagla iad do na leanaí sin, gearáin a dhéanann leanaí faoin dóigh a gcaitear leo i bhForas Naomh Pádraig gan aon sásamh leis an Oifig seo agus roinnt leanaí a thuairiscigh nach mothaíonn siad sábháilte i bhForas Naomh Pádraig.

Ag éisteacht le daoine óga a bhfuil taithí ar easpa dídine acu

I mí Mheán Fómhair 2011, chuir an Oifig tús le comhairliúchán le daoine óga a bhfuil taithí acu ar easpa dídine agus ar rochtain a fháil ar sheirbhísí lasmuigh d'uaireanta oibre, ar sheirbhísí idirghabhála géarchéime agus ar sheirbhísí cóiríochta éigeandála.

Tá an comhairliúchán seo mar chuid de phíosá níos leithne oibre ina bhfuil an Oifig rannpháirteach leis an FSS faoin tsaincheist. D'iarr comhairliúchán na hOifige léargas a fháil ar eispéiris phearsanta na ndaoine óga ar sheirbhísí easpa dídine a rochtain agus a úsáid agus, bunaithe ar na heispéiris seo, ar na rudaí ba cheart a dhéanamh, ina dtuairim, le feabhas a chur ar an soláthar atá ann do leanaí ar gá dóibh leas a bhaint as na seirbhísí seo.

Idir mí Mheán Fómhair agus mí na Nollag 2011, rinne an Oifig agallaimh duine le duine le daoine óga atá ag úsáid nó a bhfuil taithí acu ar na seirbhísí sin a úsáid i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh – an dá áit in Éirinn ina bhfuil cóiríocht de stíl bhrú á húsáid faoi láthair le haghaidh daoine óga.

Tabharfaidh tuarascáil, ina ndoiciméadófar eispéiris agus peirspictíochtaí na ndaoine óga a bheidh le tarraingt suas go luath in 2011, eolas do rannpháirteachas leanúnach na hOifige leis FSS ar fheabhas a chur ar an ngné ríthábhachtach seo de na seirbhísí do leanaí agus daoine óga atá an-leochaileach.

Taighde le haghaidh Leanaí agus le Leanaí

Oideachas le haghaidh Leanaí faoi Chúram

I rith 2011, rinne an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta agus an tIonad Taighde Leanaí, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath dul chun cinn ar thaighde don Oifig maidir le hoideachas le haghaidh leanaí faoi chúram. Coimisiúnaíodh an taighde in 2010 mar thoradh ar bhuarthaí agus ar ghearáin a fuair an Oifig i ndáil leis na dúshláin os comhair leanaí faoi chúram altrama agus faoi chúram cónaithe chun rochtain ar agus/nó a bheith rannpháirteach in oideachas. Tá sé mar aidhm leis an tionscadal taighde thaiscéalaíoch seo bearta nithiúla

infheidhmithe a shainaithe lena gcur i bhfeidhm ag seirbhísí iomchuí laistigh de na córais oideachais agus sláinte/chúraim shóisialta ina bhféadfar tacú le leanaí a chónaíonn faoi chúram an Stáit freastal ar oideachas agus páirt a ghlacadh in oideachas. Cuimsíonn an taighde agallaimh le leanaí agus le daoine óga faoi chúram faoi láthair, mar aon leo siúd a bhí faoin gcúram sin roimhe. Foilseoidh an Oifig tuarascáil ina ndoiciméadófar torthaí an taighde seo agus ina ndéanfar moltaí in am is i dtráth.

Leanaí agus na Seirbhísí Sláinte

Ag aithint go bhfuil an tsaincheist maidir le soláthar cúram sláinte do leanaí ina saincheist a théann i bhfeidhm ar gach leanbh agus teaghlach in Éirinn, thug an Oifig faoi thionscnamh sa réimse seo ag teacht leis na bearta a luadh cheana atá á ndéanamh ag an leibhéal Eorpach. Freagraíodh sa thionscnamh ar leith seo don fhíríc go mbíonn líon suntasach de na gearáin a fuair an Oifig déanta suas gach bliain le seirbhísí sláinte do leanaí, agus le bearta riaracháin agus le cinnteoireacht ar chúrsaí a bhaineann le sláinte leanaí. Dá réir sin, choimisiúnaigh sí taighde ar bhearta a shainaithe le cur chun cinn agus dul chun cinn a dhéanamh ar chúram sláinte a oireann do leanaí agus ar chultúr measa ar chearta leanaí i suíomhanna cúram sláinte. Breathnaíodh sa taighde seo, atá á dhéanamh ag an gColáiste Ollscoile, Corcaigh, ar threoirínite, ar bheartais, ar chaighdeáin agus ar dhea-chleachtais ar féidir leo cúram sláinte a oireann do leanaí a chur chun cinn. Foilseofar torthaí an taighde seo i rith 2012 agus beidh siad mar bhonn eolais maidir le bearta ina dhiaidh sin de thionscnamh cúram leanaí na hOifige.

Ombudsman for Children
Millennium House
52-56 Great Strand Street
Dublin 1.

Phone 01 865 6800
Complaint line 1800 20 20 40
Email oco@oco.ie
Web www.oco.ie

Ombudsman do Leanaí
Teach na Mílaoise
52-56 Sráid na Trá Mhór
Baile Átha Cliath 1.

Guthán 01 865 6800
Líne ghearáin 1800 20 20 40
R-phost oco@oco.ie
Gréasán www.oco.ie